An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

# Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach

## *Treoir do na scoileanna maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu*

Samhain 2011

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
1–2 Sráid an Mhuilinn
Baile Átha Troim
Co. na Mí

National Council for Special Education
1–2 Mill Street
Trim
Co. Meath

T: 046 948 6400
F: 046 948 6404

www.ncse.ie

# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | | **5** |
| **Admháil** | | **6** |
| **Liosta Acrainmneacha** | | **7** |
| **Alt 1** | **Réamheolas maidir leis an gCreat** | **9** |
| 1.1 | An chaoi a dtagann an Creat leis an bPleanáil le haghaidh Forbairt Scoile | 13 |
| 1.2 | Réasúnaíocht | 13 |
| **Alt 2** | **Prionsabail** | **15** |
| **Alt 3** | **Struchtúr an Chreata** | **19** |
| 3.1 | Creat Iomlán: Téamaí, Fothéamaí, Cur Síos, Critéir agus Gearrchuntais | 21 |
| **Alt 4** | **Sraithchúrsa an Chreata** | **45** |
| 4.1 | Céim 1: Ullmhúchán | 48 |
| 4.1.1 | Seimineáir Chur i Láthair | 49 |
| 4.2 | Céim 2: Na Teimpléid Féinmhachnaimh a Líonadh Isteach | 49 |
| 4.2.1 | Meastóireacht ar mharc cáilíochtúil foriomlán maidir leis an uilechuimsitheacht | 52 |
| 4.3 | Céim 3: Pleanáil na Beartaíochta | 53 |
| 4.4 | Céim 4: Cur i bhFeidhm | 54 |
| 4.5 | Céim 5: Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | 55 |
| 4.6 | Céimeanna an tSraithchúrsa agus Tráthchlár Beartaithe | 55 |
| 4.7 | Conclúid | 56 |
| **Alt 5** | **Teimpléid Féinmhachnaimh** | **57** |
| **Aguisíní** | | **117** |
| Aguisín 1: | Sampla de Theimpléad Féinmhachnaimh ar a Líonadh Isteach | 120 |
| Aguisín 2: | Tagairtí Úsáideacha de réir na dTéamaí sa Chreat | 124 |
| Aguisín 3: | An Litríocht atá mar Bhonn Treise faoi Fhorbairt an Chreata maidir le hOideachas Uilechuimsitheach | 130 |
| Aguisín 4: | An Grúpa Comhairle | 138 |
| Aguisín 5: | Leabharliosta | 139 |

## Réamhrá

Tá an Creat seo maidir le hOideachas Uilechuimsitheach á fhoilsiú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ionas go mbíonn deis ar fáil ag gach scoil an dóigh a ndéantar freastal sa scoil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir leis an oideachas a phlé agus a mheas.

Tuigtear dúinn go bhfuil na scoileanna ag féachaint le teacht ar bhealaí chun feabhas a chur ar an dóigh a gcuirtear cúnamh taca ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir le cúrsaí oideachais agus a dtugtar faoi scáth na scoile iad. Is furasta in amanta dearmad a dhéanamh ar oiread an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcóras oideachais le deich mbliana anuas agus is den tábhacht go ndéanfaí staidéar beag agus talamh slán a dhéanamh den fheabhas mór atá tugtha i gcrích cheana féin.

Is deis an creat seo do na scoileanna tréithe a gcuid nósanna i ndáil leis an uilechuimsitheacht a thabhairt faoi mheas. Tá deiseanna mar chuid den chreat atá furasta a chur i bhfeidhm agus a chuireann ar chumas na scoileanna na réimsí sin ina bhfuiltear ag cruthú go maith a léiriú; na réimsí nach mór feabhsú ina leith a shonrú; ráta meastóireachta a lua leis na leibhéil uilechuimsitheachta; agus pleananna a leagan amach d'fhonn tabhairt faoi na réimsí ina bhfuil feabhas le déanamh.

Mholfainn do na scoileanna ar fad leas a bhaint as an acmhainn phraiticiúil seo le gach duine den fhoireann agus i ndáil le gach réimse de shaol na scoile chun an uilechuimsitheacht a chur chun tosaigh. Deimhneofar leis in athuair an dul chun cinn suntasach atá déanta go dtí seo.

Ar shocrú don scoil leas a bhaint as an gcreat seo, bronnfaidh an NCSE teastas rannpháirtíochta uirthi is féidir a chur ar taispeáint sa scoil, nó ar láithreán gréasáin na scoile, mar léiriú poiblí ar dhúthracht na scoile i ndáil leis an uilechuimsitheacht.

Tá súil agam go mbíonn leas agus tairbhe as an gcreat seo mar acmhainn ag na scoileanna.

**Teresa Griffin**
**Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin**

## Admháil

Ba mhaith leis an NCSE buíochas a ghlacadh le comhaltaí an ghrúpa comhairle, a luaitear in Aguisín 4, as ucht cuid mhór ama a chaitheamh le freastal ar chruinnithe agus dréachtanna den chreat a bhreithniú. Ba mhór an chabhair a gcuid comhairle go háirithe maidir le réimse agus ábhar na dtéamaí agus na gcritéar a shocrú.

Táthar thar a bheith buíoch do na deich gcinn de scoileanna inar cuireadh an próiseas faoi thástáil agus a chuir aiseolas forleitheadach ar fáil. Bhí an t-aiseolas sin, ó lucht úsáide an chreata i ndeireadh báire, tairbheach, praiticiúil agus géarchúiseach agus bhí tionchar suntasach aige ar an leasú a cuireadh ar an gcreat ina dhiaidh sin.

Glactar buíochas le hobair Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) an NCSE maidir le scoileanna a eagrú chun an creat a thástáil agus cúnamh taca a thabhairt dóibh maidir lena dhéanamh sin. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leo as a gcuid ama agus a gcuid cúnaimh i ndáil leis an bpróiseas seo.

Ba mhaith linn chomh maith buíochas a ghlacadh le lucht na meithle taighde i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh as ábhar a aimsiú agus a léirmheas agus as an gcion a rinne siad maidir leis an gcreat a thabhairt chun cinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na geallsealbhóirí i gcúrsaí oideachais a chuir aiseolas fiúntach ar fáil dúinn i rith an phróisis comhairliúcháin.

## Liosta Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| BOM | Bord Bainistíochta |
| CSIE | An tIonad Léinn um Oideachas Uilechuimsitheach |
| DES | An Roinn Oideachais agus Scileanna [Eolaíochta] |
| EADSNE | An Ghníomhaireacht Eorpach um Fhorbairt in Oideachas Riachtanas Speisialta |
| EPSEN | Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu |
| IEP | Plean Oideachais don Duine Aonair |
| JCSP | Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh |
| LCA | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
| NCCA | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| NCSE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NEPS | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais |
| PDST | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| RACE | Freastal Réasúnta i Scrúduithe Teastais |
| SEN | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SENO | Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais |
| SESS | An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta |
| SNA | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| UNESCO | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |

# 1 Réamheolas maidir leis an gCreat



Cuirtear treoir ar fáil do na scoileanna le Creat na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) maidir le hOideachas Uilechuimsitheach faoin ní is gnás maith oibre ann i ndáil le daltaí a bhfuil oideachas speisialta de dhíth orthu a thabhairt isteach faoi scáth na scoile agus tá an creat leagtha amach sa chaoi agus go mbíonn comharthaí soiléire ar fáil ag na scoileanna le linn na beartaíochta chun an uilechuimsitheacht a thabhairt i gcrích.

Déantar leis an bpróiseas a chuirtear i láthair:

- **freastal don mhachnach ar ghnáis oibre maidir leis an uilechuimsitheacht**
- **cur chuige an chomhair a chur chun cinn maidir leis an uilechuimsitheacht a thabhairt i bhfeidhm sna scoileanna**
- **beartaíocht chomhordaithe a leagan amach i leith aon deacrachtaí maidir le cúrsaí oideachais a thiocfadh chun cinn mar gheall ar an uilechuimsitheacht.**

Is ionann an sainmhíniú atá ar riachtanais speisialta oideachais chun críche an chreata seo agus an sainmhíniú a leagtar síos san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004 (EPSEN): "[Special educational needs are]... a restriction in the capacity of the person to participate in and benefit from education on account of an enduring physical, sensory, mental health or learning disability, or any other condition which results in a person learning differently from a person without that condition..." (Alt 1, [1]).

Tá deich gcinn de théamaí struchtúrtha ag baint leis an gcreat agus critéir éagsúla ag baint le gach téama acu sin. Leagadh amach é d'fhonn a úsáid i ngach suíomh oideachais, ina measc scoileanna den ghnáthchineál, ranganna speisialta agus scoileanna speisialta. Seasann Comhairle NCSE leis an díograis maidir lena úsáid ar fud suíomhanna oideachais éagsúla, rud atá ag teacht leis na feidhmeanna a leagtar síos don NCSE san Acht EPSEN (2004): "to ensure that a continuum of special educational provision is available as required in relation to each type of disability" (Alt 20, [1] [g]).

Dá réir sin, ní bhaineann gnéithe den Chreat seo maidir le hOideachas Uilechuimsitheach le suíomhanna áirithe faoi leith agus is é an chaoi a ndéantar, ina ionad sin, iad a chur i láthair faoi cheannteidil théamatacha seachas de réir na suíomhanna ina gcuirtear na gnáis oibre i bhfeidhm (faoi mar a luaitear in Winter & O'Raw, 2010: 1).

Cuirtear bonn taca faoin dea-obair atá ar bun sna scoileanna le blianta fada anuas leis an gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach. Is acmhainn phraiticiúil atá ann trína gcuirtear áis ar fáil do scoileanna chun machnamh criticiúil a dhéanamh agus na modhanna ina gcuirtear tréithe na huilechuimsitheachta chun cinn sa

seomra ranga, sa seomra foirne agus i gclós na scoile agus sa chaidreamh le gach duine de phobal na scoile a mheas. Ceapadh teimpléid féinmhachnaimh a ghabhann leis an gcreat mar eascaíocht maidir leis an mbeartaíocht seo.

## Na hAidhmeanna atá leis an gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach

- **Plé agus díospóireacht mhachnamhach a chothú, ar leibhéal na scoile uile agus ar leibhéal an duine aonair, mar gheall ar thabhairt chun cinn na huilechuimsitheachta**
- **Cúnamh taca a chur ar fáil do lucht gairme sna scoileanna maidir le polasaithe agus nósanna oibre den uilechuimsitheacht a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a mheas**
- **Próisis a leagan amach agus a léiriú don phleanáil agus don chur i bhfeidhm ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an duine aonair**
- **Cuntas a choinneáil ar an ngnás oibre maidir leis an uilechuimsitheacht sna scoileanna faoi mar atá faoi láthair agus faoi mar atá á thabhairt chun cinn agus tuairisc a choinneáil ar na constaicí agus ar na hacmhainní a bhaineann le cúrsaí uilechuimsitheachta**
- **An dúthracht i ndáil le gnáis oibre agus polasaithe maidir leis an uilechuimsitheacht a chothú ar leibhéal na heagraíochta agus ar leibhéal an duine aonair.**

Bronnfar teastas rannpháirtíochta ar scoileanna ar a chur in iúl don eagraí riachtanais speisialta oideachais (SENO) áitiúil go bhfuil socraithe ag an scoil tabhairt faoin gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach. Is féidir an teastas sin a chur ar taispeáint taobh istigh den scoil, nó ar láithreán gréasáin na scoile, mar léiriú poiblí ar dhúthracht na scoile i ndáil leis an uilechuimsitheacht.



## 1.1 An chaoi a dtagann an Creat leis an bPleanáil le haghaidh Forbairt Scoile

Ba cheart breathnú ar an gcreat seo mar áis don phleanáil le haghaidh forbairt scoile maidir leis an uilechuimsitheacht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is féidir eolas a thiomsaítear le linn a úsáid a chur chun leasa maidir le bearta pleanála eile le haghaidh forbairt na scoile trí aird a dhíriú ar cheisteanna maidir leis an uilechuimsitheacht nach mór dul i ngleic leo. Beidh an creat úsáideach ag scoileanna maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le prionsabail na huilechuimsitheachta a léiriú. D'fhéadfadh go gcuirfeadh an obair i ndáil leis an gcreat leis an tuiscint ar riachtanais na foirne maidir le forbairt ghairmiúil i réimse an oideachais speisialta agus go ndéanfadh scoileanna dá réir sin treoir agus cúnamh a iarraidh ar sheirbhísí taca scoileanna faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna, nó oiliúint saineolais creidiúnaithe ar mhúinteoirí a lorg ó na coláistí oideachais nó na hollscoileanna.

Beidh an creat sároiriúnach mar áis maidir le gnáis machnaimh taobh istigh de na scoileanna a thabhairt chun cinn. Tá de neamhspleáchas ag na scoileanna socrú a dhéanamh go háitiúil faoin mbealach is fearr le húsáid a bhaint as an gcreat agus faoin tionchar a imreoidh toradh na beartaíochta ar obair na scoile. Is ar bhonn deonach a thabharfar faoin gcreat agus níl dlite ar na scoileanna a gcuid torthaí a fhoilsiú.

## 1.2 Réasúnaíocht

Faoin Acht EPSEN (2004)[1] tá dlite ar an NCSE eolas oiriúnach a dháileadh ar scoileanna agus ar thuismitheoirí maidir leis an sárchleachtas i ndáil le hoideachas ar na daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu.

Cuireadh dlús leis an obair maidir leis an gcreat a thabhairt chun cinn le geallúint sa Ráiteas Straitéise 2008-11 ón NCSE (NCSE, 2008) creat a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun leibhéil uilechuimsitheachta a mheas. Cuireadh tús leis an bpróiseas sa bhliain 2008 nuair a d'iarr an NCSE go foirmeálta ar an bhfóram comhairlitheach comhairle a chur ar fáil faoin ní atá i gceist le hOideachas Uilechuimsitheach. Tá fiche comhalta ar an bhfóram a cuireadh ar bun faoin Acht EPSEN (2004) agus ar féidir leis an NCSE dul i gcomhairle go díreach leis faoi chúrsaí a bhaineann leis na feidhmeanna a leagtar uirthi a thabhairt i gcrích. Mar chúnamh le hobair an fhóraim, choimisiúnaigh an NCSE Athbhreithniú ar an Litríocht maidir leis na Prionsabail agus na Gnáis a bhaineann le hOideachas Uilechuimsitheach do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Winter & O'Raw, 2010). Mhol an fóram go dtabharfaí creat maidir leis an uilechuimsitheacht agus áis féinmheasúnachta chun cinn ionas go ndéanfadh scoileanna, ar bhonn deonach, a gcuid leibhéil uilechuimsitheachta a mheas.

Mhol fóram comhairlitheach an NCSE sainmhíniú ar Oideachas Uilechuimsitheach a tugadh chun aire Chomhairle an NCSE. Tá an sainmhíniú bunaithe ar shainmhíniú UNESCO (2005) agus ar an gcuntas a thugtar mar chuid d'fhoilseachán na Roinne Oideachais agus Scileanna [Eolaíochta] Cuimsiú Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu: Treoirlínte Iar-Bhunscoile (2007). Tuigtear gur próiseas an uilechuimsitheacht lena mbaineann:

1 Cuireadh ar athló sa bhliain 2008 cur i bhfeidhm iomlán an Achta ODRSO (2004) mar gheall ar chúinsí eacnamaíochta. Tá sin faoi réir ag athbhreithniú leanúnach.

- Aird a thabhairt ar iléagsúlacht na riachtanas atá ag foghlaimeoirí agus beart a dhéanamh dá réir trí fhreastal don rannpháirtíocht san fhoghlaim, i gcultúir agus i bpobail, agus
- Constaicí a choinníonn duine ón oideachas agus bacanna taobh istigh de chóras oideachais a thabhairt ar neamhní trí struchtúir agus socruithe cuí a chóiriú agus a chur ar fáil ionas go bhféadann gach foghlaimeoir an leas is fearr is féidir a bhaint as an scoil a fhreastal (Winter & O'Raw, 2010: 39).

Cuirtear chun tosaigh leis an tuiscint seo ar an uilechuimsitheacht páirt ghníomhach an fhoghlaimeora mar phríomhchuspóir seachas cuspóir simplí maidir le hionad a shocrú nó foirgneamh a chóiriú. Leagtar béim freisin ar an ngá le hathruithe taobh istigh den chóras oideachais agus den scoil chun freastal ar an bhfoghlaimeoir. Cuimsiú dá bhrí sin, seachas imeascadh, an aidhm agus leagtar an cúram maidir leis sin a thabhairt i gcrích ar rialtais, ar scoileanna agus ar an bpobal i gcoitinne. Go bunúsach, is idir "bheith i láthair" agus "bheith páirteach" an difríocht agus tús áite i ndáil leis an imeascadh ag ionad i suíomhanna éagsúla a shocrú do dhaltaí agus tús áite i ndáil leis an uilechuimsitheacht ag páirtíocht dháiríre agus freastal a chur chun cinn.

D'aontaigh Comhairle an NCSE le meitheal comhairle ilghníomhaireachtaí a chur ar bun, ar a mbeadh ionadaíocht ó gheallsealbhóirí príomhthábhachta i gcúrsaí oideachais agus i réimsí eile in Éirinn d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar an obair seo. Tugtar liosta na gcomhaltaí in Aguisín 4. Cuireadh meitheal taighdeoirí as Scoil an Oideachais i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ar conradh chun cuidiú leis an NCSE an creat a chur i dtoll a chéile. Rinne an Dr Paul Conway, Jessica Amberson Uasal agus Dan O'Sullivan Uasal, ag obair dóibh i gcomhar le lucht foirne an NCSE agus leis an meitheal comhairle, obair thaighde agus obair ullmhúcháin do na leaganacha éagsúla de Chreat an NCSE maidir le hOideachas Uilechuimsitheach. Bhí athbhreithniú críochnúil ar an sárchleachtas go hidirnáisiúnta i gceist leis an bpróiseas sin. Tugtar sonraí breise faoin lón litríochta a bhí mar bhonn faoi fhorbairt an chreata in Aguisín 3. Bhí próiseas comhairliúcháin forleitheadach a raibh aiseolas ó 49 geallsealbhóir i réimse an oideachais de thoradh air i gceist freisin; tástáil allamuigh i ndeich gcinn de scoileanna in Éirinn lenar bhain aiseolas ó lucht foirne na scoileanna sin; chomh maith le hathbhreithniú agus plé rialta ar dhréachtleaganacha éagsúla den Chreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach le comhaltaí an mheitheal comhairle.

## Struchtúr agus Ábhar Phacáiste an Chreata

**Cuirtear Creat an NCSE maidir le hOideachas Uilechuimsitheach i láthair sa ceithre codanna ina dhiaidh seo:**

- **Cuid 2: Prionsabail**
- **Cuid 3: Struchtúr an Chreata**
- **Cuid 4: Sraithchúrsa an Chreata**
- **Cuid 5: Teimpléid Féinmhachnaimh.**

**Tá roinnt aguisíní ag dul leis an gCreat chomh maith.**

# Prionsabail 2




abcdef
2+2=4
XYZ
ABC
αβγ
$a^2+b^2=c^2$
1+1=2

Rinneadh staidéar mion i ndáil leis na prionsabail buntábhachta atá mar bhonn faoin gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach a thabhairt chun cinn. Bhí athbhreithniú forleitheadach ar an litríocht idirnáisiúnta ina chabhair maidir leis na prionsabail sin, a liostaítear thíos, a leagan amach (Winter & O' Raw, 2010).

## Prionsabail Mórthábhachta

### 1. Glacadh le Freagracht i measc Phobal Iomlán na Scoile

Spreagann an creat próiseas féinmhachnaimh do phobal uile na scoile. Cothaítear leis sin tuiscint i gcoitinne maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dúthracht maidir lena tabhairt chun cinn. Réitítear an bealach d'oibriú den rath ar an gcreat trí ghlacadh ar fud na scoile uile le freagracht i leith an phróisis.

### 2. Léiriú ar an iléagsúlacht i measc na ndaltaí agus ar fud na scoile

Tá iléagsúlacht ag baint le leibhéil cumais, tréithe, riachtanais foghlama agus stíleanna foghlamtha dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuirtear oideachas orthu i scoileanna bunscoile agus i scoileanna iarbhunscoile den ghnáthchineál agus i scoileanna speisialta. Bíonn éagsúlacht eatarthu sin ó thaobh méid, uimhreacha ar an rolla, pátrúnacht, suíomh agus stádas i ndáil le míbhuntáiste. Tá an creat leagtha amach de réir téamaí nach mbaineann le suíomhanna faoi leith, féachtar ina ionad sin leis na cineálacha iomadúla suíomhanna sa chóras oideachais agus le hiléagsúlacht na ndaltaí a ndéantar freastal orthu a thabhairt san áireamh.

### 3. Cúnamh taca maidir leis an mbeartaíocht

Leagtar de fhreagracht ar gach scoil tréithe na huilechuimsitheachta a bheith ag baint leis na polasaithe agus na gnáis oibre. Tugtar deis do na scoileanna socrú conas an leas is fearr a bhaint as an gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach, cén tátal atá le baint as na torthaí agus cé na cuspóirí tús áite a leagtar síos. Leagadh amach an creat ionas go bhfágtar oiread so-athraitheachta agus is féidir d'fhonn a úsáid ar fud na suíomhanna éagsúla seachas a bheith saintreorach. Tugann na scoileanna

## Prionsabail Mórthábhachta (...)

faoi phróiseas féinmheastóireachta mar chuid den chreat d'fhonn na leibhéil uilechuimsitheachta a mheas.

### 4. Cuid dhílis den phleanáil leanúnach don scoil uile

Tá an creat leagtha amach sa chaoi agus go dtiocfaidh a oibriú leis an mbeartaíocht pleanála maidir le forbairt scoile, ó thaobh ama agus lón ábhair, agus leis na cláir leanúnacha don fhorbairt ghairmiúil. Déantar éascaíocht do na scoileanna leis na teimpléid do thuairisc scríofa a choinneáil ar an bhfianaise maidir le polasithe agus gnáis oibre mar atá i bhfeidhm faoi láthair, do réimsí bua a shonrú agus do réimsí a ndéanfar forbairt ina leith i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur in ord tábhachta. Is as an bpróiseas féin a bhaintear an tairbhe ó tharla nach ann don aon phointe amháin ag a mbaintear amach an uilechuimsitheacht. Próiseas leanúnach dinimiciúil atá i gceist.

### 5. Bunaithe ar fhianaise agus ar chleachtas

Tá an creat bunaithe ar athbhreithniú géar ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le hOideachas Uilechuimsitheach i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhí dréacht tosaigh den chreat ina ábhar do phróiseas forleitheadach comhairliúcháin leis na páirtnéirí móra oideachais; bhí aiseolas ar fáil freisin ón lucht foirne i ndeich gcinn de scoileanna píolótacha. Bhí páirt leanúnach ag grúpa comhairle, ar a raibh ionadaithe ó gheallsealbhóirí buntábhachta i gcúrsaí oideachais agus eile in Éirinn, maidir leis an athbhreithniú ar dhréachtanna éagsúla agus sa mhaoirseacht i ndáil leis an dul chun cinn.

# Struchtúr an Chreata 3





Tá an creat leagtha amach mar seo a leanas: tá deich gcinn de théamaí a sonraítear tábhacht bhunúsach a bheith leo. Tá ceithre cinn acu sin (téamaí 5, 8, 9 & 10) roinnte ina bhfothéamaí. Tugtar liosta de na téamaí (1-10) agus de na fothéamaí, nuair atá sin i gceist, in Tábla 1.

**Tábla 1:Téamaí agus fothéamaí Chreat an NCSE maidir le hOideachas Uilechuimsitheach**

| Téamaí | Fothéamaí |
|---|---|
| 1. Ceannaireacht agus Bainistíocht | |
| 2. Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile | |
| 3. Timpeallacht na Scoile Uile | |
| 4. Cumarsáid | |
| 5. Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne | a) Lánfhorbairt an Dalta<br>b) Lánfhorbairt an Lucht Foirne |
| 6. Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht | |
| 7. Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair | |
| 8. Straitéisí Teagaisc agus Foghlama | a) An Taithí Foghlama<br>b) An Taithí Teagaisc |
| 9. Bainistíocht ar an Seomra Ranga | a) Prótacail agus Rialacha an tSeomra Ranga<br>b) Cur i bhfeidhm an Churaclaim |
| 10. Cúnamh Taca agus Aitheantas don Fhoghlaim | a) Measúnacht Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta<br>b) Measúnacht Sheachtrach agus Teastais (daltaí in aois iarbhun-scolaíochta) |

Déantar léiriú ar an nádúr agus ar an scóp a bhaineann le gach téama sa Chreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach trí chur síos achoimre a thabhairt lena leagtar amach an cuspóir atá le tabhairt i bhfeidhm. Luaitear liosta de cúig nó sé cinn de chritéir le gach téama lena gcuirtear treoirlínte ar fáil nó táscairí maidir leis an dea-chleachtas. Tugtar eiseamláirí den dea-chleachtas freisin i ndáil le gach téama trí ghearrchuntais. Is ar mhaithe le léargas a thabhairt na cuntais sin agus níl i gceist go dtugtar na critéir ar fad maidir leis an téama san áireamh iontu.

## 3.1 Creat Iomlán: Téamaí, Fothéamaí, Cur Síos, Critéir agus Gearrchuntais

Cuirtear an Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach ina iomláine i láthair sa roinn seo. Léirítear na téamaí ar fad, na fothéamaí (de réir mar a thagann i gceist), maille le cur síos, critéir agus gearrchuntais ina leith. Tugtar liosta de thagairtí úsáideacha agus d'ábhar léitheoireachta breise a bhaineann le gach téama faoi leith in Aguisín 2.

# Téama 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht

## Cur síos

Bíonn tréithe na haislingeachta ag dul leis an gceannaireacht agus bíonn sí ina siocair spreagtha maidir leis an athrú go dtí múnlaí den dea-chleachtas i ndáil le hoideachas a chur ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bíonn rannpháirtíocht i gceist leis an gceannaireacht agus sin ar fud gach duine de phobal na scoile, ar a n-áirítear an bord bainistíochta, an príomhoide, lucht bainistíochta sa scoil féin agus meithle maidir le riachtanais speisialta, lucht foirne cúnta, tuismitheoirí nó caomhnóirí agus daltaí. Tarlaíonn an cheannaireacht trí mhodhanna foirmeálta agus modhanna neamhfhoirmeálta. Bíonn ról cinniúnach ag an bpríomhoide ina leith agus sin faoi anáil an chomhairliúcháin agus na comharoibre.

### CRITÉIR

1. Tuigtear don cheannaire an ról atá ag an scoil maidir le freastal ar an bpobal agus bítear dúthrachtach i ndáil le ceart na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dul faoi oideachas uilechuimsitheach.
2. Cuireann an ceannaire comhairle, eadrán agus réiteach trí mhodhanna an chomhair ar fhadhbanna ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá gcuid múinteoirí.
3. Bíonn aird ag an gceannaire ar chúrsaí príobháideachais an tráth céanna a dtugtar san áireamh treoirlínte aitheanta maidir le cosaint leanaí agus an dualgas cúraim i leith gach duine de na daltaí agus den fhoireann.
4. Cinntíonn an ceannaire go ndéantar acmhainní na scoile a chur chun leasa ar bhealach atá cothrom tairbheach d'fhonn díriú ar riachtanais agus torthaí foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
5. Bíonn tuiscint ag an gceannaire ar scileanna proifisiúnta na múinteoirí, agus cuirtear chun leasa iad d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bheith astu ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus téitear i gcomhar le réimse daoine gairmiúla eile maidir le lón comhairle agus réiteach fadhbanna de réir mar is gá.
6. Déanann an ceannaire monatóireacht ar an tionchar agus an toradh a bhíonn ar pholasaithe agus bearta i ndáil leis an oideachas speisialta agus féachtar le lón aiseolais a fháil ar faoina anáil a dhéanfaí an phleanáil sa scoil.



## GEARRCHUNTAS

Is í Bean Uí Shíocháin an príomhoide ar Choláiste Chaoimhín, scoil iarbhunscoile a bhfuil breis agus 650 dalta ag freastal uirthi. Tá sí ina ceannródaí ar an bhfoireann agus ar na daltaí agus oibríonn sí in éineacht leis an mbord bainistíochta chun cuidiú leo le rith na scoile. Is iomaí ról atá leagtha ar Bhean Uí Shíocháin chun fónamh do na daltaí, do na tuismitheoirí, don chuid eile den fhoireann agus don bhord.

Is é a tuairim gurb é an príomhról atá aici cinntiú go gcuirtear oideachas ar gach duine de dhaltaí na scoile atá ar chaighdeán ard agus atá oiriúnach don dalta agus cinntiú gur áit shábháilte an scoil ag na daltaí, ag na múinteoirí, ag an bhfoireann agus ag cuairteoirí. Déanann sí cúram faoi leith de chinntiú go dtarlaíonn uilechuimsiú dáiríre, maidir le hobair an tseomra ranga agus imeachtaí eile bunaithe ar an scoil, i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go mbíonn siad ag déanamh dul chun cinn ina gcuid foghlama.

Chuige sin, cuireann Bean Uí Shíocháin am de leataobh leis an bhfoireann chun smaoineamh ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí sa scoil faoi láthair maidir leis an uilechuimsitheacht agus daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ag obair i gcomhar dóibh, breactar síos tuairisc fianaise maidir le polasaithe agus nósanna oibre atá i bhfeidhm faoi láthair, sonraítear na réimsí a bhfuil bua ag an scoil ina leith agus socraítear ar an ord tábhachta maidir le réimsí a bhfuil dul chun cinn le déanamh ina leith. Socraíonn an scoil ar aon phríomhréimse amháin in aghaidh an téarma a ndírítear air agus coinnítear cuntas ar an dul chun cinn ina leith sin ar chairt mhór fhairsing a bhíonn ar taispeáint in oifig na scoile.

Tuigeann Bean Uí Shíocháin agus gach duine den fhoireann i gColáiste Chaoimhín nach mór dóibh ar fad oibriú as lámha a chéile chun athrú agus dul chun cinn a thabhairt i gcrích do na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tuigeann gach duine de phobal na scoile go soiléir an pháirt atá acu féin sa phróiseas sin i gColáiste Chaoimhín agus an cúram a leagtar orthu. D'fhéadfadh go dtarlódh sin mar:

- mhúinteoir aonair nó mar dhalta aonair i seomra ranga, ar pháirc spóirt, le linn am sosa, sa phasáiste agus/nó
- dhuine de mheitheal, mar shampla comhairle na ndaltaí, an coiste maidir leis an mBrat Glas, nó an meitheal sinsearach bainistíochta i mbun cinntiú go mbíonn aird leordhóthaineach chóir ar thuairimí na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá Bean Uí Shíocháin ar na príomhoidí a thaispeáineann an bealach iad féin agus lánchúnamh aici ón mbord bainistíochta agus ón meitheal sinsearach bainistíochta. Tugann siad ar fad le fios gan aon agó do bhaill uile na foirne, do na tuismitheoirí, do na daltaí agus do lucht foirne ghníomhaireachtaí taobh amuigh den scoil, gur scoil í seo ina bhfuil a pháirt féin le déanamh ag gach duine maidir le polasaí agus nós imeachta na scoile i ndáil leis an uilechuimsitheacht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thabhairt chun cinn. Ciallaíonn sin go ndéanann pobal na scoile:

- smaointe, eolas, saineolas, lón taithí agus comhairle a roinnt ar a chéile
- comhairle agus cúnamh taca a iarraidh ar lucht gairme agus gníomhú dá réir
- iarrachtaí teacht ar sheifteanna réitigh maidir leis na deacrachtaí a chuirtear roimh an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
- athbhreithniú ar an toradh ar shocruithe a rinneadh cheana agus ar eachtraí a thiteann amach
- fáilte a chur roimh a dtagann chuig an scoil, daltaí, tuismitheoirí, baill foirne agus lucht foirne ó eagraíochtaí taobh amuigh den scoil.

# Téama 2 Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile



## Cur síos

Is próiseas leanúnach an phleanáil le haghaidh forbairt na scoile uile a ligeann don scoil cur le cúrsaí feabhais agus bainistíocht a dhéanamh i ndáil le hathruithe. Tugtar san áireamh aidhmeanna agus meon phobal na scoile, leagtar amach an aisling maidir le forbairt san am atá le theacht agus na bearta a dhéanfar chun an aisling sin a thabhairt i gcrích. Bíonn polasaithe, gnáis agus nós imeachta maidir le gach réimse de shaol na scoile i gceist leis an bpleanáil le haghaidh forbairt scoile. Bíonn bonnchloch ar fáil dá réir sin de phrionsabail uilechuimsitheachta ar féidir an dul chun cinn maidir leis an uilechuimsitheacht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mheas ina leith.

### CRITÉIR

1. Cuirtear dúthracht shoiléir i ndáil leis an uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in iúl i ráiteas misin agus aislinge na scoile atá mar bhonncloch maidir leis bpróiseas pleanála sa scoil.
2. Réitítear an bealach leis an bpleanáil straitéise don uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí dháileadh cothrom éifeachtúil ar acmhainní, ar chistí agus ar an lucht foirne.
3. Tugtar san áireamh go cúramach daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le polasaithe, gnáis oibre agus nósanna imeachta na scoile a chuirtear in iúl do phobal na scoile, tuismitheoirí agus caomhnóirí san áireamh, de réir mar is cuí.
4. Déanann meitheal de chuid na scoile uile plé go rialta ar pholasaí na scoile agus ar shocruithe pleanála agus déantar an toradh a bhíonn orthu a mheas agus a bhreithniú go tráthrialta d'fhonn cinntiú go mbítear ag cloí le dea-ghnáis uilechuimsitheachta.
5. Déantar soláthar i bplean na scoile don fhorbairt ghairmiúil agus don oiliúint leanúnach ar gach duine den fhoireann a bhaineann leis an oideachas speisialta.
6. Déanann an scoil an fhorbairt ar acmhainn sóisialta agus mothúchán na ndaltaí agus ar iompar tairbheach a chothú go forbheartach. Déantar athshocrú réasúnach agus cothaítear scileanna chun déileáil le deacrachtaí i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhféadfadh deacracht a bheith acu maidir le cloí le cód iompair na scoile.

## GEARRCHUNTAS

Chuir an bord bainistíochta i Scoil Náisiúnta Naomh Pól coiste scoile ar bun maidir leis an uilechuimsitheacht agus daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá cruinniú pleanála socraithe ag an gcoiste agus tarlóidh sin mar chuid de chruinniú foirne a bhí leagtha amach don lá inniu cheana féin. Tá an fhoireann teagaisc, an príomhoide agus an leas-phríomhoide san áireamh, curtha ar mheithle oibre d'fhonn díospóireacht agus plé a dhéanamh faoi na deacrachtaí, na seifteanna réitigh agus na modha oibre a bhaineann leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tar éis plé a dhéanamh go hachomair, tugann gach meitheal tuairisc ar an ord tábhachta, ar a gcuid moltaí agus ar na bearta a mholtar. Ainmnítear chomh maith daoine oiriúnacha den fhoireann a leanfadh leis an bpleanáil agus a thabharfadh aon ghníomhartha a sonraíodh chun críche. Tugann na daoine den fhoireann a ainmnítear tuairisc ar an obair don phríomhoide uair in aghaidh na míosa.

Ag an gcruinniú coiste deireanach, iarradh ar an bhfoireann timpeallacht fhisiciúil na scoile a bhreathnú agus smaointe a phlé maidir le feabhas a chur ar chúrsaí áisiúlachta. Ainmníodh ceathrar múinteoirí a dhéanfadh taighde i gcomhar agus a thabharfadh tuairisc don phríomhoide faoi dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thabhairt slán amach as an scoil dá dtarlódh dóiteáin nó cás éigeandála eile. Tháinig de thoradh ar a gcuid fiosrúcháin siúd lón comhairle mar gheall ar:

- córas a chur ar bun maidir le daoine a thabhairt slán amach as an bhfoirgneamh, trína ndírítear go sonrach ar riachtanais na ndaltaí a bhfuil míchumas fisiciúil nó céadfach ag dul dóibh
- an costas a bheadh leis an trealamh a bheadh riachtanach chun daltaí a thabhairt chun bealaigh ón stór uachtair sa chás nach féidir an t-ardaitheoir a úsáid
- sceideal don oiliúint maidir leis an trealamh speisialta chun daoine a thabhairt slán a úsáid.

Beidh an mheitheal oibre sin ag tabhairt tuairisc ar a gcuid oibre ag cruinniú an lae inniu.

Tráthanna roimhe seo, rinne an coiste maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:

- scrúdú ar na Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí atá faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus tuairisc a thabhairt ina leith dá gcomhghleacaithe
- moltaí a chur chun cinn faoi bhearta agus straitéisí don lá oscailte a mbeadh níos mó den uilechuimsitheacht i gceist leo
- an t-ábhar agus an cúnamh taca a bheadh de dhíth chun freastal do bheirt dhaltaí (duine amháin a bhí faoi mhíchumas fisiciúil agus duine eile a raibh lagú amhairc ag dul dó) a chur ar an rolla, duine i rang na naíonán sóisear agus duine i rang a haon
- leasuithe maidir le polasaí na scoile i ndáil le bulaíocht agus ciapadh a chur chun cinn d'fhonn an tionchar a bheadh ó bhuanrangú agus lipéadú ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thabhairt san áireamh
- eolas a chur i dtoll a chéile faoi chostas agus faoin teacht ar threalamh sainoiriúnach don pheil agus do chluichí faoi dhíon (trealamh sacair sárfheiceálach, Monopoly, cártaí imeartha etc. le cló mór).

# Téama 3 Timpeallacht na Scoile Uile

## Cur síos

Déantar athshocruithe réasúnacha ionas gur féidir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar an rolla agus páirt a ghlacadh sa scolaíocht. Soirbhíonn córais iompair, foirgnimh, ábhair, trealamh, áiseanna agus straitéisí den áisiúlacht do thimpeallacht fháiltiúil agus uilechuimsitheach. Déantar cúrsaí áisiúlachta agus sláinte agus sábháilteachta a thabhairt san áireamh d'aon ghnó sa phleanáil agus sa soláthar maidir le foirgníocht agus trealamh nua, sa phleanáil ar obair chothabhála agus i ndéanamh na hoibre sin. Scaiptear eolas faoi shaoráidí inrochtaineachta agus faoi bhearta srianta ar phobal na scoile.

## CRITÉIR

1. Bíonn na prionsabail maidir le dearadh do chách, moltaí maidir leis an dea-chleachtas agus reachtaíocht na linne mar lón eolais maidir le cúrsaí inrochtaineachta agus tá cúram ina leith ar gach duine sa scoil.
2. Déantar inrochtaineacht thimpeallacht na scoile do chách a choinneáil d'aon ghnó agus déantar iniúchadh ina leith. Cuirtear plean gníomhaíochta le chéile d'fhonn cinntiú go nglantar bacanna as an mbealach agus go gcuirtear an dea-chleachtas i bhfeidhm.
3. Cuirtear acmhainní, trealamh agus straitéisí inrochtaineachta ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh in imeachtaí na scoile.
4. Déantar soláthar maidir le himeachtaí na scoile do pháirt dáiríre iontu ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
5. Déantar druileanna sábháilteachta agus dóiteáin a leagan amach agus a sceidealú d'fhonn freastal do chásanna faoi leith dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
6. Bíonn cúrsaí dínite agus sábháilteachta ar intinn ag daoine agus cúnamh á thabhairt. Cuirtear oiliúint ar an lucht foirne maidir le húsáid a bhaint as trealamh agus straitéisí sainiúla.

## GEARRCHUNTAS

Tá míchumas foghlama ginearálta éadrom ag dul do Seán, atá deich mbliana d'aois, chomh maith le lagú ar an amharc. Tá sé i rang a ceathair i Scoil Speisialta Bharra Naofa. Téann sé ar an mbus chuig an scoil gach lá ón mbaile, turas seacht míle. Ligtear na daltaí ar fad amach ag an aon ionad amháin gach lá. Bíonn sé roimh an mbus san áit chéanna arís don turas abhaile, rud atá áisiúil ós furasta dó bealach a dhéanamh chuig an mbus nuair is san áit chéanna a thagann sé i gcónaí.

There Tá rudaí eile maidir leis an scoil seo a fhágann gur fusa do Seán freastal uirthi. Tá rampaí ann atá marcáilte go han-fheiceálach agus ráillí láimhe leo, tá dathanna éagsúla curtha ar na doirse agus comharthaí le litreacha móra ar a léirítear ainmneacha na múinteoirí agus grianghrafanna díobh, tá ardaitheoir ann chun dul suas go dtí na stórtha arda (cuireadh isteach an t-ardaitheoir le gairid faoin Scéim Oibreacha Samhraidh). Tá stáisiún oibre sa seomra ranga ag a bhfuil ríomhaire atá cóirithe le méarchlár mór ar furasta do Seán úsáid a bhaint as.




Nuair a bhíonn Seán ina shuí ag an mbord, bíonn ríomhaire glúine dá chuid féin in úsáid aige agus cluasán fuaime le leathchluais ionas gur féidir leis éisteacht le fuaim ón ríomhaire agus leis an múinteoir an tráth céanna. Tá réimse bogearraí curtha isteach ar an ríomhaire ionas go mbíonn cúnamh ag Seán le hábhar an ranga a léamh. Is féidir leis a chuid oibre a sheoladh ar ríomhphost chuige féin sa bhaile, nó an ríomhaire glúine a bhreith abhaile leis i mála ar a dhroim uaireanta. Is féidir leis freisin leabhair le cló mór iontu a úsáid. B'fhearr leis dá mbeadh an bord a suíonn sé aige beagán níos fairsinge mar gheall ar an méid stuif a bhíonn os a chomhair aige.

Tagann an Múinteoir Cuairte ag breathnú air go rialta ag an scoil ag seiceáil ar an dul chun cinn atá sé a dhéanamh. Bíonn an múinteoir ranga istigh ag na cruinnithe sin chomh maith uaireanta agus is maith leis go mbíonn an dá mhúinteoir atá aige ar aon intinn maidir lena chuid dul chun cinn.

Imríonn Seán spórt ar scoil agus tá an pheil ar an gcluiche is fearr leis. Bíonn liathróid ghealdaite a bhfuil cloigín taobh istigh di in úsáid ag rang Seán lena haghaidh agus tugann sin cúnamh dóibh go léir an liathróid a fheiceáil. Tá dhá bháire gnóthaithe ag Seán cheana féin i mbliana. Is maith an chabhair na dathanna fluaraiseacha atá curtha leis na cuaillí. Is maith an chabhair go gcaitheann an fhoireann geansaithe ar dhathanna fluaraiseacha freisin.

Tá an scoil ag pleanáil don turas scoile faoi láthair agus bhí cruinniú ag John leis an bpríomhoide agus lena chuid tuismitheoirí chun na roghanna éagsúla a bhreithniú. Tá Seán ag súil go roghnófar an pháirc uisce ós snámhaí maith atá ann agus ba mhaith leis roinnt de na cleasanna atá ar eolas aige a mhúineadh dá chara buan, Peadar. Comrádaí maith aige é Peadar agus tugann seisean cúnamh do Sheán má bhíonn aon deacracht aige a bhealach a dhéanamh timpeall na scoile.

# Téama 4 Cumarsáid



## Cur síos

Bíonn an chumarsáid bunaithe ar mheas ar a chéile idir lucht foirne, daltaí, tuismitheoirí agus daoine eile i bpobal na scoile. Tarlaíonn an chumarsáid idir daoine de phobal na scoile ar mhodhanna éagsúla, ina measc, modhanna briathartha agus neamhbhriathartha, modhanna scríofa agus amhairc, de réir mar is cuí. Bíonn an lucht bainistíochta agus an lucht foirne eolasach ar an tábhacht atá le cumarsáid neamhbhriathartha agus gothaí na colainne agus ar an tionchar tréan a imríonn sin ar chineál an chaidrimh idirphearsanta agus ar an uilechuimsitheacht ar fud na scoile. Tugtar cás na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh le modhanna cumarsáide atá comhalartach oscailte.

## CRITÉIR

1. Déantar an chumarsáid i measc phobal na scoile ar mhodhanna, le focail agus i bhformáid(í) a oireann do chás na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá gcuid tuismitheoirí nó caomhnóirí. Luaitear go sonrach an cuspóir atá leis an gcumarsáid agus leagtar amach aon bheart a éilítear a dhéanamh ina leith.
2. Tá modhanna oibre i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le heolas a scaipeadh ar dhaoine den fhoireann lena mbainfeadh, nuair is cuí sin agus ar bhealach tuisceanach, maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
3. Luaitear, más gá, cúrsaí príobháideachais, aontaítear ina leith agus cloítear leis an socrú ach treoirlínte aitheanta maidir le cosaint leanaí agus an dualgas cúraim i leith gach duine de na daltaí agus den fhoireann a thabhairt san áireamh an tráth céanna.
4. Aontaítear ar ionad agus tráth don chumarsáid agus do chruinnithe agus cloítear leo, agus bíonn a fhios ag tuismitheoirí nó caomhnóirí go háirithe cathain agus conas caidreamh a dhéanamh leis an scoil.
5. Léirítear meas ar pháirt an uile dhuine ag cruinnithe agus déantar éascaíocht lena aghaidh.
6. Sa chás go dtarlaíonn aigheas nó easaontas, cuirtear acmhainní ar fáil chun réiteach cuí agus straitéisí eadrána a thabhairt i bhfeidhm.

## GEARRCHUNTAS

Tá Denise tar éis tosú ar an dara bliain i gColáiste Mhuire agus tá roinnt socruithe tábhachtacha le déanamh aici roimh bhliain an Teastais Shóisearaigh an bhliain seo chugainn. Tá riachtanais speisialta oideachais aici mar gheall ar ghortú inchinne a tharla di i dtionóisc bóthair. Cuireann sin isteach ar an gcuimhne gearrthréimhse aici agus uaireanta, chomh maith leis sin, ar a cumas díriú ar obair ar feadh tréimhsí fada. Fágann sin go n-éiríonn léi uaireanta déileáil leis an ualach oibre ar scoil ach go mbíonn tráthanna eile ann a mbíonn sé deacair aici coinneáil suas leis an rang.  Is den tábhacht go gcoinnítear Trish, máthair Denise, ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sí ag cruthú ar scoil agus go dtuigeann sí cé chomh fada agus atá sí in ann aird a choinneáil ar an obair mar ní i gcónaí a bhíonn a fhios ag Denise nach bhfuil sí ag coinneáil leis na daoine eile sa rang. Tá seomra sa scoil inar féidir le daltaí a bhfuil cúrsaí leighis ag cur isteach orthu luí siar i rith an lae más gá dóibh sin. Aon uair amháin a bhain Denise úsáid as an seomra sin ó thosaigh sí i gColáiste Mhuire ach is maith léi fios a bheith aici go bhuil an seomra ar fáil má bhíonn gá aici lena úsáid.

Cuidíonn na múinteoirí le Denise an fócas a choinneáil sa rang agus aird a dhíriú ar a cuid oibre. Tugann siad cúnamh di go háirithe an dialann obair bhaile a líonadh isteach. Breacann na múinteoirí nótaí isteach faoi thascanna faoi leith agus scríobhtar tuairisc ar pháirt Denise in imeachtaí sa seomra ranga. Is foinse tairbheach eolais sin di féin agus dá máthair. Coinníonn an scoil a cuid tuismitheoirí ar an eolas freisin, trí theachtaireachtaí ríomhphoist agus téacs nó tríd an bpost, faoi imeachtaí a bheidh ar siúl go gairid agus faoi spriocdhátaí, mar shampla, tionscadail faoi leith, turais lae, cruinnithe do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí agus oícheanta eolais.

Tuigeann Trish nach féidir dáiríre dul isteach gan choinne agus cúrsaí a phlé, nach foláir di coinne a shocrú chun labhairt le múinteoirí Denise nó leis an bpríomhoide, ach go socrófar am cruinnithe ansin. Sa chás nach mbíonn na múinteoirí nó an príomhoide ar fáil ag amanta áirithe, tá a fhios ag Trish go ndéanfaidh siad, chomh luath agus is féidir, am a chur de leataobh chun labhairt léir ar an fón agus go socrófar am le haghaidh cruinnithe.

Oibríonn na múinteoirí go dlúth lena chéile agus leis an bpríomhoide sa scoil a dtéann Denise chuici ionas go mbíonn tuiscint mhaith ag gach duine ar an dul chun cinn atá Denise a dhéanamh. Is mór an chabhair freisin coiste na dtuismitheoirí a rinne bearta de leithéid oiliúint treallúsachta a chur ar fáil do thuismitheoirí, ceardlanna a eagrú go háitiúil maidir le riachtanais speisialta oideachais agus leis na cearta atá ag daltaí agus a gcuid tuismitheoirí agus an méid a bhfuil siad ina theideal.

Tá níos mó misnigh ag Trish agus ag Denise faoi Denise a bheith ag freastal ar an scoil seo mar gheall go bhfuiltear críochnúil éifeachtúil maidir le cúrsaí cumarsáide inti. Tuigeann siad go mbeidh aird orthu má tharlaíonn cás práinne nó coimhlinte. Bhí Trish riamh ag iarraidh go mbeadh Denise ag dul ar scoil a ligfeadh dise baint a bheith aici le dul chun cinn Denise i gcúrsaí acadúlachta agus i gcúrsaí sóisialta.

# Téama 5 Dea-bhail na nDaltaí agus an Lucht Foirne

## Fothéama: 5(a) Lánfhorbairt an Dalta

### Cur síos

Is gné bhunúsach de shaol na scoile dea-bhail na ndaltaí agus sábháilteacht mhothúchánach agus fhisiciúil na ndaltaí a chur chun cinn. Cuirtear chun cinn, trí mhonatóireacht leanúnach ar chúrsaí tinrimh, ar rannpháirtíocht, dea-bhail agus ghnóthúchán an dalta, lánfhorbairt a dhéanamh ar an damhna atá i ngach dalta faoi leith trí spriocanna pearsanta maidir le cúrsaí acadúlachta agus cúrsaí sóisialta. Tá aird ar an iléagsúlacht buntábhachtach maidir le cultúr den uilechuimsitheacht a chruthú taobh istigh den scoil agus cuirtear chun cinn leis freisin deis chothrom ar oideachas agus rannpháirtíocht ann ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### CRITÉIR

1. Tá an scoil dírithe ar an dalta agus cothaítear forbairt ar scileanna, ar eolas agus ar mhisneach na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, deimhnítear an réimse cumais atá iontu agus déantar bearta de réir a gcuid riachtanas éagsúil maidir le cúrsaí acadúlachta agus cúrsaí pearsanta.
2. Déantar cuid dhlúth de ghnáis oibre agus d'obair uile na scoile de chearta na ndaltaí foghlaim a dhéanamh. Cuirtear bonn treise faoi sin le curaclam den uilechuimsitheacht agus le baill foirne oiriúnacha agus bearta idirghabhála oiriúnacha.
3. Bíonn aird ag an scoil ar ghuth an dalta, cuirtear chun cinn cumas an dalta cur ar a shon féin agus spreagtar na daltaí chun taithí pearsanta agus saintuiscintí pearsanta a chur in iúl.
4. Déantar cuid dhílis de gach gné den fhoghlaim, den chumarsáid agus den iompar ag daltaí agus ag lucht na foirne den aird ar iléagsúlacht d'fhonn tuiscint a chothú agus an bealach a réiteach do bhacanna a bheadh roimh an uilechuimsitheacht a thabhairt ar neamhní.
5. Coinnítear caidreamh rialta ar bun leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí maidir le dul chun cinn an dalta i gcúrsaí acadúlachta agus i gcúrsaí pearsanta.
6. Cuirtear dea-bhail an dalta chun cinn ar bhonn aonair agus déantar talamh slán de trí chóras éifeachtúil den chúram tréada a mbaineann rólanna saincheaptha soiléire leis.

## Fothéama: 5(b) Lánfhorbairt Lucht na Foirne

### Cur síos

Leagtar béim ar dhea-bhail lucht na foirne chomh maith leis na daltaí agus seo freisin bunaithe ar dhearcadh i leith a gcuid ceart. Déantar talamh slán de leas gach duine d'fhoireann na scoile agus spreagtar lucht na foirne chun cúnamh taca a thabhairt dá gcuid comhghleacaithe. Cuidíonn cumarsáid oscailte agus aird lán eolais le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a thabhairt faoi deara níos luaithe agus le réiteach aontaithe an chomhair ar fhadhbanna. Fágann teacht ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus ar chúnamh taca ón lucht bainistíochta agus ó chomhghleacaithe eolas agus saineolas ag an lucht foirne maidir leis an oideachas ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### CRITÉIR

1. Déantar cuid shlán de pholasaithe agus de ghnáis oibre na scoile de chearta an lucht foirne maidir le dea-bhail ginearálta, meas, sábháilteacht phearsanta agus sásamh gairmiúil.
2. Spreagtar an lucht foirne chun cuspóirí maidir le forbairt phearsanta agus forbairt ghairmiúil a bhaint amach agus tugtar deis dóibh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá oiriúnach maidir leis an oideachas speisialta.
3. Tugann an scoil cúnamh taca do dhaoine den fhoireann atá i ngéarchás struis a eascraíonn óna gcuid oibre.
4. Glacann an lucht foirne leis an bhfreagracht atá orthu cúnamh taca a thabhairt dá gcuid comhghleacaithe. Tá córas ionduchtúcháin agus meantóireachta i bhfeidhm.
5. Bíonn an scoil forbheartach maidir le cúnamh taca a thabhairt do dhaoine den lucht foirne le linn cruachás pearsanta, breoiteacht agus míchumas, san áireamh.



## GEARRCHUNTAS 5(A) AGUS 5(B)


Tuigeann an lucht bainistíochta agus an lucht foirne i Scoil Íde go bhfuil ríthábhácht le leas fónaimh na ndaltaí agus na foirne maidir le hoideachas den scoth a chur ar fáil. Is é a chiallaíonn sin go praiticiúil nach mór don scoil timpeallacht slán oibre agus foghlama a chur ar fáil don oiliúint agus don teagasc ag na daltaí agus ag na múinteoirí ar fad. Cuirtear meas ar an duine agus ar a chuid maoine chun cinn an t-am ar fad. Déanann an scoil dícheall faoi leith maidir lena chinntiú go n-airíonn na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu slán sábháilte agus go mbraitheann siad go bhfuil meas orthu.

Tuigeann na daltaí i Scoil Íde gur mór an fiúntas a mheastar le feabhas agus gnóthúchán sa scoil. Tuigtear dóibh ina dhiaidh sin féin go gceaptar an fiúntas céanna le páirt a ghlacadh agus taithí a fháil. Spreagtar na daltaí ar fad, go háirithe iad sin a bhfuil foghlaim acadúlachta deacair acu agus bíonn moladh ar a gcuid iarrachtaí chomh maith lena gcuid gnóthúcháin. Bíonn aird ag an scoil ar ghnóthúchán i réimsí go leor, ina measc, cúrsaí acadúlachta, sóisialta, pearsanta, spóirt agus aesteitice. Is féidir dá réir sin aitheantas poiblí a thabhairt do ghnóthúchán dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus meas a léiriú ina leith.

Leagtar béim thréan sa scoil ar aclaíocht agus ar spórt don uile dhuine agus spreagtar an rannphháirtíocht agus leagtar suntas air. Déantar beartaíocht shóisialta, chomhchuraclaim agus sheach-churaclaim de chineálacha iléagsúla a chothú d'fhonn éascaíocht do rannpháirtíocht na ndaltaí ar fad. Spreagtar go háirithe na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus tugtar cúnamh taca praiticiúil dóibh ionas go nglactar páirt chomh mór agus is féidir sna himeachtaí ar fad atá bunaithe thart ar an scoil.

Bíonn ról gníomhach ag an mbord bainistíochta, ag na tuismitheoirí agus ag na múinteoirí i bpolasaí agus i nós oibre na scoile i ndáil leis an oideachas speisialta a thabhairt chun cinn. Bíonn cúnamh taca á thabhairt dá chéile ag na múinteoirí trí chomhtheagasc a dhéanamh sna seomraí ranga.

Tugtar spreagadh de na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas go mbíonn siad páirteach i gcomhairlí daltaí agus / nó go gcuirtear a gcuid tuairimí in iúl. Bíonn lánfháilte roimh gach dalta faoi leith agus gach ball foirne faoi leith theacht i gcomhairle leis an bpríomhoide faoi cheist ar bith atá ina ábhar buartha acu. Bítear ag spreagadh na ndaltaí chun aird a thabhairt ar a chéile, meas a bheith ar thuairimí agus ar dhearcaidh éagsúla agus oibriú i gcomhar ar thionscadail agus tascanna a bhaineann leis an gcuraclam.



# Téama 6 Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht

## Cur síos

Tugann lucht bainistíochta agus lucht foirne na scoile faoi phleanáil churaclaim mar bhunghné lárnach maidir le teagasc agus foghlaim den uilechuimsitheacht. Bíonn d'aidhm leis an bpleanáil churaclaim maidir leis an uilechuimsitheacht go dtarlódh foghlaim lena mbaineann ábhar difreáilte (an lón teagaisc), próisis dhifreáilte (modhanna, ábhair agus gníomhartha a úsáidtear) nó torthaí difreáilte (na modhanna ina léiríonn na daltaí a bhfuil foghlamtha acu). Leagtar amach an bheartaíocht sin chun réimse leathan eachtraí foghlama a chruthú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas go dtagann siad in inmhe chomh mór agus a bheadh iontu.

## CRITÉIR

1. Déantar le pleanáil churaclaim na deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim taobh istigh de phobal foghlaimeoirí agus aitheantas á thabhairt do chumas, stíl foghlama, riachtanais agus roghanna an duine aonair.
2. Bíonn difreáil maidir le hábhar an churaclaim, próisis agus torthaí i gceist le pleanáil churaclaim.
3. Déantar, le pleanáil churaclaim, spéis an dalta a chothú oiread agus is féidir agus an tráth céanna bítear dílis don ábhar atá á fhoghlaim agus déantar soláthar do churaclam leathanréimseach, fiúntach a bheith ar fáil atá oiriúnach don aois.
4. Cuirtear le rannpháirtíocht an dalta, féinmheas an dalta, tuiscint an dalta ar an gcumas foghlama agus torthaí na foghlama tríd an bpleanáil churaclaim ar mhaithe leis an uilechuimsitheacht.
5. Bíonn súil ag múinteoirí le cuid mhaith ó gach dalta sa rang agus cuirtear sin in iúl agus bíonn tuiscint acu ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag buanrangú i gcás dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.



## GEARRCHUNTAS

Tá Sinéad sa dara bliain iarbhunscolaíochta agus í díreach tar éis tosú ar fhoghlaim na Spáinnise. Bíonn an-deacracht ag Sinéad coinneál suas lena cuid ábhar sa mheánscoil mar gheall ar mhíchumas foghlama ginearálta éadrom a bheith ag dul di. Ní shíleann sí go bhfuil sí an-mhaith chuig teangacha a fhoghlaim agus is mian léi dáiríre Spáinnis a fhoghlaim. Bhí sí sa Spáinn roimhe seo lena muintir agus luaigh sí sin lena múinteoir. D'aontaigh an scoil ligean di an t-ábhar a dhéanamh mar ábhar roghnach. Cuidíonn an múinteoir acmhainne leis an múinteoir Spáinnise pleanáil a dhéanamh ar cheachtanna a mbíonn deacrachtaí Shinéid leis an bhfoghlaim á gcur san áireamh leo agus a ligeann di páirt a ghlacadh sna ranganna.

Is iondúil gur sa dara ró a shuíonn Sinéad sa rang, rud a bhfuil buntáiste mór leis ó tharla gur féidir léi an clár bán a fheiceáil go soiléir as sin. Is dóigh léi go mb'fhéidir go mbeadh spéaclaí ag teastáil uaithi ach níl sin inste aici d'aon duine go fóill. Nuair a bhíonn roinnt den obair á dhéanamh i ngrúpaí beaga, bíonn Sinéad ina suí le taobh Jean nach bhfuil an éisteacht go rómhaith aici agus bíonn uirthi rudaí a rá an dara huair dise. Tugann sin cleachtadh breise do Shinéad ag foghlaim na bhfocal.

Insíonn an múinteoir don rang an rud ar mhaith léi go dtabharfaidís aird faoi leith air ag tús gach ceachta. Uaireanta, ag deireadh an cheachta, insíonn sí dóibh an rud a bheidh siad a dhéanamh an chéad lá eile. Bíonn sin an-úsáideach ag Sinéad mar nuair a bhíonn a fhios aici cén obair a bheidh ar siúl sa rang an chéad lá eile, déanann sí cleachtadh air roimh ré. Ag an gcruinniú deireanach idir múinteoirí agus tuismitheoirí, chuir an múinteoir comhairle an-fhiúntach ar a máthair faoi na réimsí a bhféadfadh Sinéad feabhas a chur orthu agus thug sí moladh di mar gheall ar a cuid léitheoireachta os comhair an ranga. Uaireanta agus an rang ag críochnú, bíonn a fhios ag Sinéad gur féidir léi ceist a chur ar an múinteoir faoi rudaí nach dtuigeann sí. Foghlaimíonn sí go leor uaidh sin.

Tugann an múinteoir go leor rudaí éagsúla isteach sa rang - thug sí bia de chuid na Spáinne isteach i bpacáistí agus bhí ar an rang déanamh amach céard a bhí acu. Chuir sí amhráin pap agus rac ar siúl sa Spáinnis agus d'iarr sí orthu na focail a thuig siad a phiocadh amach. Thug sí nuachtáin agus irisí isteach chomh maith. Baineann an rang úsáid as an idirlíon agus as YouTube chun nithe i Spáinnis a fheiceáil agus a chloisteáil. Sa rang ealaíne, mhol an múinteoir do Shinéad grianghrafanna agus nithe a bhailigh sí ar a cuid laethanta saoire sa Spáinn a úsáid mar chuid dá saothar. Thug an múinteoir tís oideas bia maidir le bia na Spáinne amach sa rang eacnamaíochta baile agus rinne an rang tapas.

Tá ráite ag an múinteoir léi go dtuigeann sí nach i gcónaí a thaitníonn léi labhairt amach os ard os comhair an ranga ach go bhfuil sí ag déanamh go han-mhaith agus gur cheart di leanacht ag cur de stró uirthi féin sin a dhéanamh mar gurb é sin an chaoi is fearr a bhfoghlaimeoidh sí. Ba mhaith le Sinéad tabhairt faoin mbéaltriail sa Teastas Sóisearach an bhliain seo chugainn agus bheadh uirthi labhairt leis an scrúdaitheoir sa chás sin. Tá ráite ag an múinteoir léi go labhartar ar laethanta saoire, ceol, bia, saol an teaghlaigh agus cúrsaí den chineál sin.

Tá tionscadal Spáinnise le críochnú ag an rang i rith an bhriseadh lár téarma. Thug an múinteoir rogha dóibh maidir le hábhar, mar shampla, na rudaí a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo, laethanta saoire sa Spáinn nó duine ón Spáinn. Is dóigh le Sinéad go scríofaidh sí faoin turas a thug sí don Spáinn anuraidh. Tá sí ag blagáil le cailín ón Spáinn a casadh uirthi thall agus seolfaidh sise grianghrafanna, pictiúir etc. chuici. Dúirt an múinteoir go bhfuil cead acu pictiúir agus grianghrafanna a úsáid ach go bhfuil cead chomh maith cuntas a scríobh nach mbeadh léaráid ar bith ag dul leis. Thug an múinteoir plean don rang maidir leis an aiste a scríobh. Síleann Sinéad go bhfuil sé sin úsáid ó thug sé smaointe di faoin leagan amach, faoi na rudaí le tabhairt san áireamh agus na dátaí faoinar chóir codanna éagsúla den obair a chríochnú.

# Téama 7 Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair

## Cur síos

Is cuid bhunriachtanach de pholasaí maidir le huilechuimsitheacht ar fud na scoile uile atá sa phleanáil i ndáil le riachtanais an duine aonair. Tagann an phleanáil ar bhonn aonair sa bhreis ar an bpleanáil a bhaineann leis na daltaí ar fad. Leagtar amach an chaoi ina dtarlóidh an teagasc agus an fhoghlaim taobh istigh de churaclam difreáilte. I gcomhthéacs cúnamh taca a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, d'fhéadfadh go mbeadh gá maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le pleanáil oideachais ar bhonn aonair, agus d'fhéadfadh sin tarlú i bhfoirmeacha éagsúla idir athruithe beag go leor nó cúrsaí mionsonraithe ar bhonn aonair. D'fhéadfadh go mbeadh difreáil de dhíth chun freastal do riachtanais dhaltaí aonair, chomh maith le réimse modhanna éagsúla múinteoireachta, acmhainní agus cúnamh taca de réir mar a oireann.

### CRITÉIR

1. Leagtar amach i bpolasaithe agus gnáis oibre don scoil uile na bealaí ina ndéantar freastal do riachtanais na ndaltaí ar fud réimsí an churaclaim agus réimsí sóisialta, ag pointí aistrithe, agus déantar tagairt go sonrach don uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
2. Leagtar amach sa phleanáil oideachais ar bhonn aonair na buanna, na riachtanais, na cuspóirí agus na spriocanna foghlama atá ag an dalta. Breactar tuairisc ar na straitéisí teagaisc agus foghlama a úsáidfear agus leagtar amach an ról a bheidh ag múinteoirí an ghnáthchórais agus ag múinteoirí breise, ag an bhfoireann taca agus ag na tuismitheoirí san oideachas ar an dalta.
3. Glacann gach múinteoir leis an gcúram pleanáil dhifreáilte a dhéanamh ar cheachtanna agus ar obair bhaile i bhfianaise riachtanais foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
4. Déanann na múinteoirí ranga, na múinteoirí taca agus na múinteoirí acmhainne spriocanna sonracha atá intomhaiste agus réadúil a leagan amach i gcomhar le daoine eile d'fhoireann na scoile a mbaineann an t-ábhar leo, leis na daltaí, na tuismitheoirí nó na caomhnóirí agus, nuair is cuí, le lucht gairme oideachais ón taobh amuigh.
5. Déantar athbhreithniú go rialta ar na cuspóirí foghlama agus leagtar amach spriocanna nua de réir mar is cuí. Tugtar socruithe aistrithe san áireamh leis an bpróiseas athbhreithnithe.
6. Déantar éascaíocht do pháirt na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí sa phleanáil oideachais ar bhonn aonair agus bíonn glacadh iomlán leis.

## GEARRCHUNTAS

Tá Marcas, dalta i rang a trí, go maith chuig an matamaitic agus an tíreolaíocht agus is iondúil go ndéanann sé a chuid obair bhaile sna hábhair sin go maith, go dtarraingíonn sé léaráidí, pictiúir líníochta agus mapaí maithe. Tá deacracht aige ina ainneoin sin leis an scríbhneoireacht, leis an léitheoireacht agus le haird a choinneáil dírithe ar an obair sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa stair. Cé nach bhfuil a chuid oibre scríofa ag teacht chun cinn mar a bhí súil leis, rinne an scoil a chuid buanna a chothú go leanúnach seasta trí aitheantas suntasach a thabhairt dá chuid scileanna. Iarradh air pictiúr a tharraingt do chlúdach leabhar cheiliúradh 50 bliain na scoile, agus bíonn a chuid saothair ar taispeáint go feiceálach sa seomra ranga agus amuigh sa phasáiste. Tá Iníon Uí Chléirigh, an múinteoir tacaíochta foghlama, an tUasal de Barra, múinteoir rang a trí, agus an príomhoide ag bualadh le tuismitheoirí Mharcais inniu ós dóigh leo go bhfuil gá aige le cúnamh taca breise chun an damhna iomlán atá ann a thabhairt i gcrích.

Seo é an tríú uair acu go léir bualadh le chéile. Bhí cruinniú faoi dhó roimh an Nollaig ag a chuid tuismitheoirí, an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta foghlama. Sonraíodh agus aontaíodh, in éineacht le Marcas, ar aidhmeanna soiléire foghlama, ar spriocanna agus ar straitéisí, trínar cuidíodh leis féin agus lena chuid tuismitheoirí tuiscint a fháil ar an ní ba cheart dó a bheith a bhaint amach. Bhain na spriocanna foghlama a aontaíodh le cúrsaí léitheoireachta agus leis an gcur in iúl scríbhneoireachta, litriú agus gramadach.

Rinneadh measúnú rialta ar an dul chun cinn ó shin agus ba léir, faoin tráth a raibh beagnach cúig mhí caite, nach bhfuil Marcas ag déanamh dul chun cinn mar ba chóir. Chuir an múinteoir ranga in iúl dá chuid tuismitheoirí go bhféadfadh míchumas foghlama sainiúil a bheith ag dul do Mharcas. D'iarr tuismitheoirí Mharcais go dtabharfaí tamall eile dóibh chun labhairt le Marcas faoin gcás sa bhaile agus smaoineamh ar an gcéad bheart eile ba mhaith leo a dhéanamh. Tá i gceist ag cruinniú an lae inniu na bearta a rinneadh go dtí seo a ríomh, plé a dhéanamh ar an ní is mian le Marcas agus a chuid tuismitheoirí a dhéanamh agus aontú ar na bearta a dhéanfar san am atá le theacht.

Tá roinnt roghanna ann - b'fhéidir go socrófar go gcaithfidh Marcas níos mó ama ag díriú ar na spriocanna taobh istigh den ghnáthrang le cúnamh taca sa bhaile, nó go dtosódh sé fiú ar roinnt foghlama taca taobh amuigh den ghnáthrang le roinnt daltaí eile as an rang céanna. Molfaidh an príomhoide gur cheart Marcas a chur faoi bhráid shiceolaí oideachais go ndéanfaí measúnú i ndáil leis na riachtanais foghlama atá aige. Sin roinnt de na roghanna atá ann maidir le cás Mharcais agus déanfaidh a chuid múinteoirí agus a chuid tuismitheoirí in éineacht a mheas cén rogha is fearr a bheadh ann.



# Téama 8 Straitéisí Teagaisc agus Foghlama

## Fothéama: 8(a) An Taithí Foghlama

### Cur síos

Foghlaimíonn gach dalta faoi leith ar bhealach éagsúil agus bíonn riachtanais faoi leith aige. Cuirtear le taithí foghlam an dalta trí dhúthracht i ndáil leis an uilechuimsitheacht trí dhifreáil, trí chaidreamh tairbheach sa seomra ranga agus trí pháirt an teaghlaigh sa chúram. Cuireann taithí tairbheach foghlama leis na scileanna acadúla agus na scileanna sóisialta agus le rátaí tinrimh agus coinneála níos airde.

**CRITÉIR**

1. Glactar leis mar chuid de chultúr na scoile nach siocaithe atá leibhéal inniúlachta na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus gur féidir iad a thabhairt chun cinn agus a fheabhsú ach an taithí foghlama oiriúnach a bheith i gceist.
2. Glacann an scoil leis go bhfuil de cheart ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim a dhéanamh agus aithnítear go fonnmhar a gcuid iarrachtaí agus a n-éiríonn leo a bhaint amach.
3. Cuirtear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbun tascanna a bhfuil ciall leo ó thaobh an oideachais agus an dúshlán cuí ag baint leo. Cothaítear an spéis trí fhoghlaim neamhspleách agus trí fhoghlaim an chomhair sa seomra ranga agus i mbeartaíocht chomhchuraclaim araon.
4. Bíonn an fhoghlaim dírithe ar an toradh sásúil agus cuirtear ar chumas an dalta déileáil le cás dul ar gcúl ó thaobh oideachais agus scileanna a thabhairt chun cinn chun déileáil go sásúil le deacrachtaí. Glactar leis an gcliseadh agus le botúin, aithnítear iad agus spreagtar an fhoghlaim dá mbarr.
5. Cothaítear fonn díchill trí chultúr an tseomra ranga agus cuirtear an smaoineamh chun cinn gur sona an bheartaíocht an fhoghlaim.
6. Aontaíonn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta foghlama acu straitéisí foghlama leis an lucht foirne agus bíonn baint acu lena gcuid spriocanna foghlama a leagan síos agus leis an monatóireacht ina leith.

## Fo-théama: 8(b) An Taithí Teagaisc

### Cur síos

Bíonn modhanna oiriúnacha don teagasc agus don fhoghlaim, lón ábhair oiriúnach agus socruithe cuí a úsáid i gceist le teagasc den éifeacht. Áirítear orthu sin teagasc an chomhair, difreáil agus caidreamh tairbheach a chur chun cinn sa seomra ranga. Cuireann taithí teagaisc den tairbhe le ról an mhúinteora chomh maith le toradh fónta a thabhairt chun cinn sa seomra ranga.

**CRITÉIR**

1. Spreagann an scoil na múinteoirí chun gnáis mhachnamhacha a thabhairt chun cinn agus réimse leathan modhanna múinteoireachta agus straitéisí teagaisc a chur i láthair d'fhonn réimeas a thabhairt chun cinn sa seomra ranga a chuireann bonn treise faoin uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
2. Tugtar modhanna múinteoireachta agus modhanna measúnachta le chéile sa chaoi is go mbíonn lón eolais ó gach aon cheann acu i ndáil leis an gceann eile.
3. Díríonn na múinteoirí ar réimeas foghlama a chruthú atá tairbheach, atá dírithe ar an toradh fónta agus a chothaíonn an fhoghlaim trí bheartaíocht foghlama dáiríre.
4. Feiceann daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tascanna foghlama tairbheacha á léiriú ag múinteoirí nó a gcomhscoláirí sa seomra ranga i dtimpeallacht an ranga uile, an ghrúpa bhig nó an dalta aonair.
5. Tuigeann bainistíocht na scoile go bhféadfadh cúnamh taca breise a bheith de dhíth ar mhúinteoirí maidir leis na straitéisí teagaisc agus foghlama a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm trína soirbhítear oiread agus is féidir don uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## GEARRCHUNTAS 8(A) AGUS 8(B)

Tá rang bitheolaíochta sa séú bliain ag obair ar thasc praiticiúil tráthnóna. Thug an múinteoir, an tUasal Jones, duáin isteach chun dioscadh a dhéanamh orthu mar chuid den staidéar ar an gcóras eisfheartha. Pléann an tUasal Jones le siollabas an ardleibhéil agus le siollabas an ghnáthleibhéil araon ina chuid ranganna. Tuigeann an tUasal Jones go dtiocfaidh samhnás ar roinnt de na daltaí mar gheall ar an dioscadh agus go mbeidh cúnamh breise de dhíth ar dhalta amháin mar gheall ar dheacrachtaí suntasacha sícealuaile agus deacrachtaí le deaslámhacht. Creideann an tUasal Jones gur den tábhacht cinntiú go mbíonn ról gníomhach ag daltaí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu in aon obair phraiticiúil sa tsaotharlann agus cuireann sé deiseanna sainchóirithe ar fáil do roinnt daltaí, mar shampla teanchair mhór agus siosúr féinoscailte, chomh maith le breis ama má bhíonn gá leis sin.

Mar chabhair do na daltaí ar fad, cuireann sé íomhánna, líníochtaí agus samhail thríthoiseach ar fáil ionas go dtarraingítear aird ar na coincheapanna is tábhachtaí. Bíonn ar na daltaí freisin léaráid a tharraingt den duán agus lipéid a chur léi. Tar éis réamhrá a thabhairt maidir leis an gceacht, iarrann an tUasal Jones ar na daltaí na rialacha sábháilteachta a bhainfeadh leis an dioscadh a mheabhrú. Cuireann sé focail mhórthábhachta ar an gclár bán chomh maith. Is é is mó atá ar a aire go dtiocfadh na daltaí ar thuiscint ar fheidhmiú an duáin agus, dá réir sin, bíonn na focail scagachán, ath-ionsú agus tál ina measc sin freisin. Cuireann sé tús le plé ag an rang ar fad ar an gciall a bheadh leis na téarmaí sin go ginearálta agus ar an gciall a bheadh leo maidir leis an duán go háirithe.

Déanann an tUasal Jones úsáid a bhaint as grúpaí cumais mheasctha mar mhodh chun freastal d'fhoghlaim an chomhair. Tá tugtha faoi deara aige gur maith a oibríonn sé leagan amach na ngrúpaí a athrú go tráthrialta, bunaithe ar bhuanna agus ar riachtanais na ndaltaí chomh maith leis an mbeartaíocht foghlama atá i gceist. Cinntíonn sé, maidir le dioscadh, nach mbíonn na daltaí a gcuirfí samhnás orthu ag obair in éineacht. Cé go mbítear ag súil go ndéanfadh na daltaí ar fad an dioscadh, agus go dtugtar ugach dóibh sin a dhéanamh, téann siad ar fad i mbun rólanna faoi leith chomh maith ionas go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach dalta ar a mbíonn le déanamh aige féin agus freagracht orthu maidir lena gcuid oibre féin chomh maith le hobair an ghrúpa. Is iad atá mar rólanna i ngach grúpa inniu an léamh a dhéanamh, an cuntas a choinneáil agus an tuairisc a thabhairt. Cinntíonn an léitheoir go ndéantar de réir gach treorach go cruinn beacht; cinntíonn an taifeadóir go dtugtar faoi deara gach sonra is gá d'ábhar na tuairisce agus go gcoinnítear cuntas air; agus, coinníonn an tuairisceoir súil ar an dul chun cinn agus tugann tuairiscí don mhúinteoir sula mbíonn an rang thart.

Ag deireadh an ranga taispeáineann sé scannán gearr beochana den duán i mbun oibre do na daltaí agus seiceáileann sé go bhfuil na daltaí ag fáil tuiscint ar an ábhar trí cheisteanna a chur. Tugann sin deis do na daltaí freisin cleachtadh a fháil ar théarmaíocht nua a úsáid. Déanann an tUasal Jones, in aon turas, "smaointeoireacht an bhitheolaí" a chur i láthair an ranga ionas go bhféadann na daltaí léargas a fhail ar mhodhanna smaointe lucht bitheolaíochta, mar shampla, trí smaoineamh faoin bhfeidhm atá le gach páirt faoi leith den duán, faoin ní a tharlódh dá mbeadh páirteanna faoi leith den duán donaithe. Iarrann an tUasal Jones ar na daltaí, mar obair bhaile, achoimre a thabhairt ar ról an duáin trí alt a scríobh, mapa coincheap a tharraingt nó tábla a líonadh isteach.



# Téama 9 Bainistíocht ar an Seomra Ranga

## Fothéama: 9(a) Prótacail agus Rialacha an tSeomra Ranga

### Cur síos

Cuireann an bhainistíocht agus an t-eagar ar an seomra ranga, maidir le leagan amach, teacht ar ábhar, dreach struchtúir, sceidil agus tráthrialtacht le taithí tairbheach na ndaltaí sa seomra ranga. Baintear leas as deiseanna foghlama gach uair is féidir agus cothaítear freagracht sna daltaí as a gcuid iompair agus as toradh a gcuid foghlama. Cuirtear prótacail agus rialacha an tseomra ranga i bhfeidhm ag teacht le prótacail na scoile go ginearálta maidir leis an bhfoghlaim a chothú agus déileáil le hiompar mísceamhach. Cothaítear dea-iompar ar fud na scoile. Cuireann treoirlínte soiléire maidir leis na cineálacha iompair atá inghlactha le timpeallacht shábháilte shlán a chruthú d'fhorbairt acadúil, shóisialta agus phearsanta na ndaltaí.

### CRITÉIR

1. Airíonn daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu go bhfuil soicheall rompu agus ar bhonn cóimheasa a bhunaítear cúrsaí araíonachta bunaithe. Tá rialacha ann chun bonn treise a chur faoi thimpeallacht shábháilte, shlán atá tairbheach don fhoghlaim a chur ar fáil don uile dhuine i bpobal na scoile. Déantar dea-iompar a cheiliúradh go rialta agus go poiblí sa scoil.
2. Bíonn rialacha an tseomra ranga de réir chód iompair na scoile agus cuirtear in iúl iad go soiléir agus go rialta do na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Déantar rialacha a bhaineann le grúpa amháin go sonrach a phlé agus a bhreithniú ionas go dtagann siad le leas agus riachtanas reatha na ndaltaí.
3. Líon beag rialacha scoile a bhíonn ann agus cuirtear ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i bhfoirm iad atá áisiúil. Tugtar cóiriú réasúnach orthu chun riachtanas faoi leith na ndaltaí sin a mbeadh beartaíocht shonrach de dhíth ina leith a thabhairt san áireamh.
4. Spreagtar daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir le féin-rialúchán, bheith freagrach as a gcuid iompair agus as a gcuid foghlama féin agus tuiscint a léiriú ar chásanna ina dtarlaíonn rialacha a shárú.
5. Tuigeann daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a dtiocfaidh i gceist má sháraítear rialacha agus cuirtear an tábhacht atá leis na rialacha in iúl do na daltaí. Bíonn na gnáis oibre maidir le cúrsaí araíonachta bunaithe ar bhearta atá iomchuí i ndáil leis an (mí-)iompar.
6. Déileáileann an scoil le haon chás eagla, bagartha nó gortaithe go lándáiríre agus déantar beart de réir chód iompair na scoile. D'fhéadfadh go mbeadh gá athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta, oiliúint bhreise a chur ar fáil agus freastal do dhea-bhail gach duine a mbaineann an cás leo.

## Fothéama: 9(b) Cur i bhFeidhm an Churaclaim

### Cur síos

Ar scáth a chéile a oibríonn rólanna na múinteoirí agus na ndaltaí sa seomra ranga. Déanann na múinteoirí freastal d'fhoghlaim na ndaltaí agus cothaíonn siad a spéis san ábhar. Tugann na daltaí faoi na bearta foghlamtha ar bhealach cuí. Réitítear an bealach d'eagrú na bpróiseas sin le dea-bhainistíocht ar an seomra ranga. Cuirtear na cuspóirí foghlama a leagtar amach sa churaclam chun cinn agus tugtar tús áite do dhea-bhail an dalta agus do chothú a chuid spéise.

### CRITÉIR

1. Bíonn an teagasc pleanáilte, difreáilte agus é faoi anáil na pleanála don scoil uile ionas gur féidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu teacht a bheith acu ar an gcuraclam ar bhealach dáiríre. Tá córais ar bun atá leagtha amach go soiléir trínar féidir le múinteoirí a gcuid pleanála a chur i láthair a gcuid comhghleacaithe.
2. Déantar ullmhúchán maith ar na tréimhsí teagaisc agus baintear úsáid as réimse modhanna múinteoireachta, cineálacha éagsúla cur chuige agus ábhair chun cur leis na deiseanna foghlama ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
3. Déantar difreáil maidir le hábhar an cheachta ionas go ndéantar freastal do riachtanais shonracha agus do leibhéil cumais na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus bíonn an t-ábhar oiriúnach don aois, don leibhéal cumais agus don toradh a bhfuiltear ag súil leis.
4. Bíonn na grúpaí sa seomra ranga so-athraithe, sealadach agus iad leagtha amach go hiondúil ar bhonn cumais mheasctha de réir chritéir de leithéid rogha modh foghlama, buanna, réimsí spéise agus prionsabail maidir le foghlaim trí chomhoibriú.
5. Leagtar amach aidhmeanna agus na torthaí a bhfuil súil leo ag tús na gceachtanna agus tugtar achoimre ar na torthaí foghlama ag deireadh na ranganna.
6. Tugtar dóthain le déanamh leis na tréimhsí teagaisc agus bíonn oiread agus is féidir sásaimh le baint astu.



## GEARRCHUNTAS 9(A) AGUS 9(B)

An chéad lá i rang a sé. Tuigeann an múinteoir go raibh deacracht mhór ag an rang leis an mbliain scoile deiridh. Bhí roinnt de na daltaí a raibh sé an deacair acu foghlaim agus aird a thabhairt ar an obair ranga. Bhí amanta ann a mbíodh roinnt bheag de na daltaí sin ag screadach ar a chéile, a n-éirídís amach as a gcuid suíochán agus a ndiúltaídís déanamh mar a deirtí leo. Bhí buachaill amháin, Philip, a raibh sé an-deacair ar fad aige smacht a bheith aige ar a chuid iompair agus a bhfuil diagnóis tugtha ó shin ina leith go bhfuil Mí-ord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde air. Tá cúntóir riachtanas speisialta ar fáil dósan anois chun cúnamh breise a thabhairt dó.

Ar an gcéad lá i rang a sé, pléann Iníon Uí Mhurchú rialacha an tseomra ranga leis na daltaí nua agus iarrann sí orthu roinnt smaointe a chur i láthair faoi rialacha bunúsacha a mheasann siadsan a bheadh úsáideach. Bíonn roinnt moltaí aici faoi mheas a bheith acu ar na héagsúlachtaí agus na cosúlachtaí atá eatarthu uilig, aontú ar chomharthaí maidir le ciúnas, cead a iarraidh an seomra a fhágáil, agus nach mbeadh níos mó ná dalta amháin ag labhairt ag an am. Measann na daltaí gur cóir na rialacha iad seo agus molann siad go mbeadh am acu gach maidin Luain labhairt lena chéile ar feadh cúig nóiméad sula gcuirtear tús leis an rang. Labhróidh gach dalta leis an dalta lena thaobh agus tabharfaidh aon dalta amháin in aghaidh na seachtaine tuairisc ar a ndearna an dalta lena thaobh i rith an deireadh seachtaine. Aontaíonn Iníon Uí Mhurchú triail a bhaint as sin go ceann míosa agus athbhreithniú a dhéanamh ina leith i ndiaidh an ama sin. Insíonn sí do na daltaí, cé go dtuigeann sí go bhfuil sé deacair rialacha a leanacht an t-am uilig, má dhéantar iad a shárú in aon turas go gcuirfear cosc ar phribhléidí.

Tugann Iníon Uí Mhurchú cuntas soiléir ar a mbeidh i gceist go díreach leis an lá scoile agus crochann sí féilire pleanála seachtaine feiceálach ionas go dtuigeann na daltaí a bhfuil leagtha amach. Míníonn sí an cuspóir atá le gach rang agus seiceáileann sí go dtuigeann siad a bhfuil i gceist. Bíonn ceisteanna níos deacra aici do na daltaí atá ag cruthú go maith agus í ag cinntiú ag an am céanna go bhfuil na daltaí is ciúine páirteach sa rang agus ag baint amach aidhmeanna an churaclaim.

Bíonn léitheoireacht, líníocht, scríbhneoireacht, bileoga oibre a líonadh isteach, ábhar an cheachta a phlé leis an dalta is gaire dóibh agus an obair bhaile a leagan amach ar chuid d'obair an tseomra ranga. Bíonn soláthar dóthaineach i gcónaí ag Iníon Uí Mhurchú de phinn, de phinn luaidh agus d'ábhar

línìochta breise. Bíonn aidhm faoi leith le gach ceacht agus tosaítear le léaráid nó le léiriú ó bhéal ar an ní is foghlaim shásúil ar an gceacht sin. Baineann Iníon Uí Mhurchú leas i gcónaí as réimse éagsúil ábhar, straitéisí agus modhanna oibre ina cuid ceachtanna agus tugann sí réimse tascanna do na daltaí atá oiriúnach do riachtanais éagsúla na ndaltaí éagsúla. Tagann an múinteoir acmhainne isteach sa seomra ranga trí huaire in aghaidh na seachtaine ag múineadh in éineacht le hIníon Uí Mhurchú. Déantar uaireanta an rang a roinnt ina ghrúpaí an tráth sin agus oibríonn gach aon mhúinteoir le grúpaí faoi leith.

Iarrann Iníon Uí Mhurchú ar na daltaí smaoineamh faoi na rudaí is mian leo a fhoghlaim agus na rudaí ar mian leo athrú a chur orthu i mbliana. Cuidíonn sí leis na daltaí dialann foghlama a choinneáil ina mbreacann siad síos gach seachtain na rudaí nua atá foghlamtha acu agus na rudaí seachas sin ba mhaith leo a fhoghlaim. Iarrann sí orthu tuairisc a choinneáil ar an rud a thaitnigh leo faoi cheachtanna éagsúla agus labhairt léi faoi aon fhadhbanna nó ceisteanna a bheadh acu. Baineann Iníon Uí Mhurchú leas as a cuid measúnachta ar na daltaí mar threoir maidir leis an bpleanáil ar cheachtanna ina dhiaidh seo agus mar lón eolais maidir lena gcuid buanna agus réimsí laige. Bíonn a fhios ag na daltaí féin i gcónaí cén aidhm atá acu le gach ceacht.

Tá plean iompair faoi leith curtha le chéile do Philip ina leagtar amach spriocanna dó le tabhairt i gcrích i rith tréimhse sé seachtaine. Tá sé ag obair faoi láthair maidir le dhá sprioc: na leabhair chearta a thabhairt ar scoil agus teacht isteach sa seomra ranga go ciúin agus suí sa suíochán atá leagtha amach dó. Bíonn páirt ag Philip, ag a chuid tuismitheoirí agus ag an múinteoir i leagan amach na spriocanna aontaithe seo agus déanfar athbhreithniú ar an bplean faoi cheann sé seachtaine. Tá tuiscint shoiléir ag Philip, a chuid tuismitheoirí, an múinteoir agus an SNA ar a dtarlóidh má bhíonn mí-iompar tromchúiseach ó Philip sa seomra ranga.



# Téama 10 Cúnamh Taca agus Aitheantas don Fhoghlaim

## Fothéama: 10(a) Measúnacht Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta

### Cur síos

Tá an mheasúnacht agus an t-aitheantas don ghnóthúchán ina gcodanna dílse den tsraith foghamtha, óna mbíonn léargas ar dhul chun cinn an dalta le himeacht aimsire agus bonn eolais maidir leis an gcéad chéim eile den fhoghlaim. Le measúnacht den uilechuimsitheacht, cuirtear taithí agus aiseolas fiúntach ar fáil do na daltaí agus do na tuismitheoirí nó caomhnóirí a bhíonn oiriúnach ó thaobh aoise agus curaclaim. Baineann modhanna foirmeálta agus modhanna neamhfhoirmeálta le measúnacht den uilechuimsitheacht.

### CRITÉIR

1. Bíonn polasaí measúnachta na scoile dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus leagtar amach mar chuid de: cuspóir / úsáid na measúnachta; rólanna agus freagrachtaí na ndaoine a bhfuil páirt acu ann; an ceangal idir measúnacht agus torthaí; pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim; agus deiseanna do mheasúnacht lucht comhaoise agus don fhéinmheasúnacht.
2. Baineann na múinteoirí leas as modhanna foirmitheacha agus as modhanna suimitheacha araon den mheasúnacht atá sochóirithe, ag teacht le cumas na ndaltaí, agus atá oiriúnach ó thaobh aoise agus curaclaim.
3. Bíonn na múinteoirí inniúil ar réimse ábhar measúnachta a úsáid agus a mheas, triallacha caighdeánaithe san áireamh.
4. Déanann an scoil de réir chóras chontanam tacaíochta maidir le riachtanais speisialta oideachais a shonrú agus soláthar do na riachtanais sin.
5. Déantar athbhreithniú ar spriocanna foghlama do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir thorthaí measúnachta d'fhonn cinntiú go dtugtar an lánfhorbairt ar gach dalta i gcrích agus mar bhonn eolais don phleanáil ar bheartaíocht foghlama san am atá le theacht.
6. Bíonn baint ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus ag na tuismitheoirí nó caomhnóirí le spriocanna don fhoghlaim a leagan amach, a thabhairt chun cinn agus a mheas. Tugtar aiseolas do na daltaí agus déantar tuairiscíocht go rialta leis na tuismitheoirí nó na caomhnóirí.





## Fothéama: 10(b) Measúnacht Sheachtrach agus Teastais (daltaí in aois iarbhunscolaíochta)

### Cur síos

Téann an chuid is mó de na daltaí in aois iarbhunscolaíochta faoi mheasúnacht sheachtrach agus faoi scrúduithe seachtracha ag stáideanna éagsúla agus ní mór ullmhúchán cúramach a chur orthu le haghaidh an phróisis sin. De réir mar a théann daltaí chun cinn, leagtar níos mó den fhreagracht as an ullmhúchán acadúil orthu féin. Cuirtear leibhéil chuí de chúnamh taca ar fáil, an mheasúnacht chuí agus aiseolas san áireamh.

### CRITÉIR

1. Cuirtear réimse clár ar fáil sa scoil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mbíonn measúnacht sheachtrach agus teastais de thoradh orthu atá ag teacht leis na leibhéil cumais.
2. Cuirtear daltaí ar an eolas faoi ábhair scrúdaithe atá éigeantach, díolúine a bhaineann le hábhar agus athshocrú réasúnach.
3. Déantar na daltaí a ullmhú leis na ceachtanna do na bearta measúnachta agus scrúduithe iarbhunscolaíochta a éilítear.
4. Réitítear an bealach do na daltaí sin atá i dteideal RACE (Freastal Réasúnta i Scrúduithe Teastais) a shonrú go luath agus líontar isteach na hiarratais ina leith sin nuair is gá.
5. Tugtar cleachtadh agus taithí i gcúinsí oiriúnacha do dhaltaí atá i dteideal RACE ar úsáid na gcóras is féidir a úsáid sna scrúduithe sula dtarlaíonn na scrúduithe Stáit.
6. Cuirtear treoir agus eolas i ndáil le cúrsaí gairme ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir le rogha oiriúnach idir ábhair scrúdaithe, roghanna maidir le teastais agus le hoideachas, oiliúint agus fostaíocht san am atá le theacht.

## GEARRCHUNTAS 10(A) AGUS 10(B)

Déanann an lucht foirne i Scoil Eoin a ndícheall cuidiú leis na daltaí a mbuaicleibhéal a bhaint amach i scrúduithe taobh istigh den scoil agus i scrúduithe an Stáit, gan bheann ar an leibhéal cumais. Glacann an scoil leis go bhféadfadh cúnamh breise a bheith de dhíth ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ón scoil chun sin a thabhairt i gcrích. Glacann an scoil leis gur iomaí cineál éagsúil inniúlachta, scile, réimse spéise, foghlama agus gnóthúcháin ann agus bíonn meas orthu.

Déantar measúnú rialta ar na daltaí maidir leis na hábhair atá bunaithe ar churaclam na gcúrsaí don Teastas Sóisearach, don Ardteistiméireacht agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA). Bíonn measúnacht leanúnach ar fáil do na daltaí trí Chlár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh agus an LCA. Éilítear leis sin go n-oibríonn na múinteoirí i gcomhar lena chéile ar fud réimsí ábhair d'fhonn cuidiú leis na daltaí bearta oibre a ullmhú agus a chur i gcrích agus caidreamh a dhéanamh le scrúdaitheoirí seachtracha de réir mar a bhíonn gá leis sin. Tá an scoil ag fiosrú chomh maith an bhféadfaí cúrsaí a thabhairt chun cinn a mbeadh teastais eile de thoradh orthu dóibh siúd nach bhfuil ar a gcumas leibhéal an Teastais Shóisearaigh a bhaint amach.

Tá córas measúnchta ar bun freisin ag múinteoirí acmhainne agus ag múinteoirí tacaíochta foghlama, do na daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, atá sách caomhchóirithe chun an leibhéal gnóthúcháin a mheas. Déantar gnóthúchán an dalta a mheas i gcomórtas le pleananna foghlama aonair agus i gcomparáid lena gcomhscoláirí. Baintear úsáid sna cuntais agus sna tuairiscí as friotal agus córais grádanna lena mbaineann meas ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus déantar iad sin a choinneáil ar chomhaid rúnda sa scoil. Déantar tuairiscí den chineál sin a thaispeáint do na tuismitheoirí agus na caomhnóirí, agus do mhúinteoirí nuair a bhíonn gá le fios ar a bhfuil iontu.

Leagann an scoil béim chomh maith ar pháirt an dalta agus ar ghnóthúchán an dalta i gcúrsaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim, mar shampla, spóirt, ealaín, grianghrafadóireacht, taibhréim, scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceapadóireacht. Tugtar spreagadh agus cúnamh do mhúinteoirí ar spéis leo réimsí faoi leith maidir leis an díograis agus an dúthracht a chaitheann siad le tabhairt chun cinn na ndaltaí i réimsí seach-churaclaim. Mar shampla, ritheann an tUasal Mac Gabhann compántas drámaíochta gach tráthnóna Céadaoin agus tá dráma á scríobh acu in éineacht le cur isteach ar chomórtas náisiúnta do dhrámadóirí óga. Déanann an Máistreás de Bhál maoirseacht ar dhá mheitheal daltaí atá ag obair ar thionscadal don thaispeántas na nEolaithe Óga an bhliain seo chugainn. Tá daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar gach aon cheann den dá mheitheal sin.

Bíonn tuairiscí go rialta i nuachtlitir na scoile agus ar na cláir fógraí faoi chruthú na ndaltaí i mbearta dá leithéid sin. Bíonn aird go poiblí ag an bpríomhoide freisin ar chúrsaí sóisialta, spóirt agus acadúla le linn tionóil ar scoil, trí chóras gradaim tráthrialta, agus trí na gradaim bliantúla maidir le Daltaí na Bliana.

# Sraithchúrsa an Chreata 4





abcdef
2+2=4
XYZ
1+1=2
αβγ
ABC
a²+b²+c²

Leagtar amach sa chuid seo an bealach inar féidir le scoileanna an Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach a úsáid chun leibhéal feabhais an ghnáis oibre maidir leis an uilechuimsitheacht a mheas agus próiseas forbartha agus feabhsúcháin a chur ar bun. Moltar cúig chéim oibre mar seo a leanas:

1. **Ullmhúchán**
2. **Na Teimpléid Féinmhachnaimh a líonadh isteach**
3. **Pleanáil na beartaíochta**
4. **Cur i bhfeidhm**
5. **Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm**

Is san úsáid a bhainfidh príomhoidí, múinteoirí agus daoine eile den fhoireann as atá an tairbhe a bhaineann leis an gcreat agus tugtar san áireamh leis an lón iléagsúil taithí, tuairimí agus eolais atá acu d'fhonn cur leis an toradh ar an mbeartaíocht. Moltar go leanfadh na scoileanna sraithchúrsa iomlán amháin le himeacht trí cinn de scoilbhlianta; d'fhéadfadh go ndéanfadh roinnt scoileanna sin in achar níos giorra. Ba cheart go spreagfadh oibriú leis an ábhar seo plé bríomhar, seifteanna réitigh an chomhair agus pleanáil straitéise maidir leis an uilechuimsitheacht. Leagtar amach thíos an bheartaíocht a bhaineann leis na céimeanna éagsúla den sraithchúrsa.

**Céimeanna éagsúla den sraithchúrsa trí bliana**




Bronnfar teastas rannpháirtíochta ar scoileanna ar a chur in iúl don eagraí riachtanais speisialta oideachais (SENO) áitiúil go bhfuil socraithe ag an scoil tabhairt faoin gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach. Is féidir an teastas

sin a chur ar taispeáint taobh istigh den scoil, nó ar láithreán gréasáin na scoile, mar léiriú poiblí ar dhúthracht na scoile i ndáil leis an uilechuimsitheacht.


Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach

Tá Scoil ....................................

ag glacadh páirte i dTionscnamh NCSE
i ndáil le Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach

*Treoir do na scoileanna maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu*

ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

*Teresa Griffin*
*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin NCSE*

*Sydney Blain*
*Cathaoirleach NCSE*

## 4.1 Céim 1: Ullmhúchán

Tá tréimhse ullmhúcháin, a ndéantar eolas a thiomsú lena linn, cur leis an tuiscint ar chúrsaí agus dúthracht a chothú i leith an phróisis, i gceist le hathrú a chur i bhfeidhm agus polasaithe nó gnáis oibre a thabhairt isteach. Ní mór am sna scoileanna chun na ceisteanna iomadúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist le hathrú a mheas agus a thuiscint. Ba cheart, dá bhrí sin, na tosca faoi leith a bhaineann leis an uilechuimsitheacht a shonrú agus tráthchlár a oireann don scoil féin a leagan amach maidir leis an sraithchúrsa iomlán a leanacht. Tagann i gceist leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar na polasaithe agus na córais riaracháin atá i bhfeidhm sa scoil faoi láthair. D'fhéadfadh go mbainfeadh leis an gcéim seo den bheartaíocht:

- Cur ar chumas lucht na foirne an Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach agus na teimpléid féinmhachnaimh a scrúdú agus cleachtadh a fháil orthu.
- Glacadh le haiseolas, ceisteanna agus fiosrúchán ón lucht foirne.
- Daoine a bhaineann le pobal na scoile uile, an bord bainistíochta agus an príomhoide san áireamh, a ainmniú ar chroímheitheal chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas. Tabharfar san áireamh dinimic na scoile agus cuirfear bearta straitéiseacha chun cinn maidir leis an mbainistíocht i leith an athraithe sa scoil. Beidh líon na ndaoine ar an gcroímheitheal ag brath ar an méid atá sa scoil agus ar na ceisteanna ar gá dul i ngleic leo. Moltar, ina dhiaidh sin féin, gur cheart go mbeadh an príomhoide ar dhuine de na comhaltaí, chomh maith le hionadaithe ón bhfoireann teagaisc (múinteoirí ranga, múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne), tuismitheoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, lucht riaracháin agus baill foirne coimhdeacha agus an bord bainistíochta.
- D'fhéadfadh foghrúpaí de chuid na croímheithle seo dul i ngleic le téamaí faoi leith. D'fhéadfaí daoine den fhoireann, seachas iad siúd atá ar an gcroímheitheal, agus daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a cheapadh ar na foghrúpaí seo de réir mar is cuí. Is den tábhacht go dtabharfaí taithí an dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige i gceist sa phróiseas seo. Is féidir sin a dhéanamh trí thuismitheoir an dalta nó an dalta féin a thabhairt isteach sa phróiseas de réir mar a oireann.
- Meastóireacht a dhéanamh ar na modhanna a gcuirtear chuig pleanáil agus forbairt sa scoil faoi láthair.

- Tráthchlár a leagan amach maidir le sraithchúrsa an Chreata maidir le hOideachas Uilechuimsitheach a thabhairt chun críche.
- An t-ord ina n-oibreofar ar na téamaí a leagan amach. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí phlé agus machnamh ar an bpráinn agus ar an tábhacht a bhaineann le gach téama nó d'fhéadfaí a cheangal le hord tábhachta agus bearta tús áite atá sonraithe cheana féin tríd an bpróiseas pleanála le haghaidh forbairt na scoile. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil ceangal idir na téamaí agus dá réir sin, ba cheart go rachadh an scoil i ngleic le gach ceann de na deich dtéama agus a dtabhairt chun críche i rith an tsraithchúrsa trí bliana.

### 4.1.1 Seimineáir Chur i Láthair

Tá oiliúint curtha ar fáil ag an NCSE do na heagraithe riachtanas oideachais speisialta (SENOnna) ionas gur féidir leo an creat a chur i láthair sna scoileanna agus cúnamh taca a chur ar fáil maidir leis an gcreat a thuiscint agus na teimpléid féinmhachnaimh a líonadh isteach. Beidh seimineár dhá uair a chloig á chur ar fáil ag na heagraithe chun an t-ábhar a chur i láthair agus is féidir sin a chur ar fáil don aon scoil amháin nó mar chuid de ghrúpa scoileanna eile go háitiúil. Is féidir le scoil labhairt leis an eagraí riachtanas oideachais speisialta áitiúil chun socrú a dhéanamh mar gheall ar an seimineár sin.

## 4.2 Céim 2: Na Teimpléid Féinmhachnaimh a Líonadh Isteach

Is cabhair an teimpléad féinmhachnaimh ag na scoileanna maidir le cuntas a choinneáil ar an dul chun cinn i leith na dtéamaí a leagtar amach sa Chreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach agus leis an dul chun cinn sin a léirmheas. Cuirtear modh ar fáil leis chun machnamh a dhéanamh faoin réimse gnás atá in úsáid nó á meas ag an scoil agus chun gnás oibre seasmhach a leathnú agus a thabhairt chun cinn i measc múinteoirí, ranganna agus réimsí ábhar éagsúla. Trí thuairisc a choinneáil ar an dul chun cinn, soirbhítear leis an teimpléad seo don anailís chomparáide, de réir na gcéimeanna agus na mblianta, ar feadh na beartaíochta go léir maidir leis an uilechuimsitheacht.

Tá teimpléad amháin ag dul le gach téama nó fothéama. Tugtar cuireadh do na scoileanna an straitéis thíos a mheas maidir le tabhairt faoin gCreat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach agus na teimpléid féinmhachnaimh a úsáid.

- Aontaíonn an chroímheitheal ar dhátaí do chruinnithe ag a dtiocfar i ngleic leis an gcreat. D'fhéadfadh go socrófaí iad mar chuid de na cruinnithe rialta a bhíonn ag an bhfoireann, d'fhéadfadh go socrófaí am faoi leith do na cruinnithe nó d'fhéadfadh go socrófaí lá pleanála faoi leith a chaitheamh leo. Bheadh gá le trí nó ceithre cinn de chruinnithe in aghaidh na scoilbhliana.
- Ó roghnaítear an chéad téama a dtabharfar faoi, is féidir leis an scoil cuntas a choinneáil sa teimpléad féinmhachnaimh ar an bhfianaise ar an dul chun cinn atá á dhéanamh.
- Tá ceist bhuntábhachtach ag baint le gach teimpléad, cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair? Mar chúnamh le plé ar an gceist sin sna scoileanna, luaitear sraith ceisteanna breise i Tábla 2 thíos. Ba cheart do na scoileanna na critéir maidir leis an dea-chleachtas a bhaineann le gach téama faoi leith a mheas agus

freagraí á gcur le chéile. Ba cheart don chroímheitheal agus do na foghrúpaí oibriú i gcomhar lena chéile chun teacht ar thuairim aontaithe maidir leis an bhfianaise a chuirtear i láthair. Ba chóir na réimsí ina bhfuil bua faoi láthair a thabhairt chun aire agus na réimsí inar féidir feabhsú agus forbairt a dhéanamh a shonrú. Glactar leis go bhféadfadh sé bheith deacair theacht ar aontú iomlán ós ábhar casta an uilechuimsitheacht a mbíonn tionchar aige ar gach réimse de shaol scoile. Is den bhunriachtanas dá bharr sin go mbeadh bearta a mholtar, a oiread agus is féidir sin, bunaithe ar fhianaise, oibiachtúil agus intomhaiste. Ionas go mbeidh an dul chun cinn éifeachtúil agus sa chaoi agus gur féidir a mheas go sásúil, ba chóir tuairimí a bhreacadh síos agus samplaí dáiríre a lua mar bhun leo ionas gur féidir tagairt dóibh sin ar mhaithe le bonn comparáide tráth is faide anonn.


Tábla 2 **Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair? Ceisteanna breise**

| | |
|---|---|
| **Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair?** | Cé na polasaithe agus na gnáis oibre a bhaineann le hábhar an téama seo atá ar bun sa scoil faoi láthair chun an uilechuimsitheacht a chothú i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu? |
| | Cén chuid de na polasaithe agus de na gnáis sin a bhfuil ag éirí go maith leo? |
| | Cé na cinn nach bhfuil ag éirí go maith leo? |
| | An bhféadfadh eisiatacht a theacht i gceist le haon pholasaí nó gnás? |
| | Tugtar liosta den bheartaíocht taca atá ar fáil i ndáil leis an téama seo trína soirbhítear don uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. |
| | Tugtar liosta de na constaicí i ndáil leis an téama seo trína gcuirtear bac roimh an uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu |
| | Cé chomh maith agus a thagann an gnás oibre faoi láthair leis na critéir maidir leis an téama seo? |
| | Sonraítear bearnaí agus réimsí laige i ndáil leis an téama seo ar cheart dul i ngleic leo. |

- Arna bhunú ar an bhfianaise sna cuntais a eascraíonn ó na ceisteanna i dTábla 2, ní mór do na scoileanna an chaoi a bhfuiltear ag cruthú i ndáil le gach téama a mheas. Cuirtear scála don mheastóireacht cháilíochtúil lena aghaidh sin ar fáil mar seo a leanas:
  - níor tosaíodh go fóill
  - tús á chur leis
  - roinnt dul chun cinn déanta
  - dul chun cinn maith déanta
  - Gnás maith oibre ar bun.
- Ba cheart, i ndeireadh báire, do na scoileanna críoch a chur leis an gcuid seo den phróiseas trí na trí cinn de bhearta príomhthábhachta, agus sin bunaithe ar an bhfianaise a tiomsaíodh, a leagan amach a ndéanfar gníomh dá réir a thabhairt.

Tugtar léiriú ar an teimpléad i ndáil le Téama 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht i bhFíor 1 thíos. Tugtar iomlán na gceithre teimpléad déag i gCuid 5 agus ar an CD atá ag gabháil leis seo.

Fíor 1 **Teimpléad Féinmhachnaimh (ní de réir scála seo)**



Téama 1 **Ceannaireacht agus Bainistíocht – Féinmhachnamh**

Cur síos

**Bíonn tréithe na haislingeachta ag dul leis an gceannaireacht agus bíonn sí ina siocair spreagtha maidir leis an athrú go dtí múnlaí den dea-chleachtas i ndáil le hoideachas a chur ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bíonn rannpháirtíocht i gceist leis an gceannaireacht agus sin ar fud gach duine de phobal na scoile, ar a n-áirítear an bord bainistíochta, an príomhoide, lucht bainistíochta sa scoil féin agus meitheal maidir le riachtanais speisialta, lucht foirne cúnta, tuismitheoirí nó caomhnóirí agus daltaí. Tarlaíonn an cheannaireacht trí mhodhanna foirmeálta agus modhanna neamhfhoirmeálta. Bíonn ról cinniúnach ag an bpríomhoide ina leith agus sin faoi anáil an chomhairliúcháin agus na comharoibre.**

Critéir

1. Tuigtear don cheannaire an ról atá ag an scoil maidir le freastal ar an bpobal agus bítear dúthrachtach i ndáil le ceart na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dul faoi oideachas uilechuimsitheach.
2. Cuireann an ceannaire comhairle, eadrán agus réiteach trí mhodhanna an chomhair ar fhadhbanna ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá gcuid múinteoirí.
3. Bíonn aird ag an gceannaire ar chúrsaí príobháideachais an tráth céanna a dtugtar san áireamh treoirlínte aitheanta maidir le cosaint leanaí agus an dualgas cúraim i leith gach duine de na daltaí agus den fhoireann.
4. Cinntíonn an ceannaire go ndéantar acmhainní na scoile a chur chun leasa ar bhealach atá cothrom tairbheach d'fhonn díriú ar riachtanais agus torthaí foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
5. Bíonn tuiscint ag an gceannaire ar scileanna proifisiúnta na múinteoirí, agus cuirtear chun leasa iad d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bheith astu ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus téitear i gcomhar le réimse daoine gairmiúla eile maidir le lón comhairle agus réiteach fadhbanna de réir mar is gá.
6. Déanann an ceannaire monatóireacht ar an tionchar agus an toradh a bhíonn ar pholasaithe agus bearta i ndáil leis an oideachas speisialta agus féachtar le lón aiseolais a fháil ar faoina anáil a dhéanfaí an phleanáil sa scoil.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

**Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht?**

**Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht?**

☐ Níor tosaíodh go fóill ☐ Tús á chur leis ☐ Roinnt dul chun cinn déanta ☐ Dul chun cinn maith déanta ☐ Cnás maith oibre ar bun

**Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht?**

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

## 4.2.1 Meastóireacht ar mharc cáilíochtúil foriomlán maidir leis an uilechuimsitheacht

Ar an bpróiseas a thabhairt chun críche, agus marc cáilíochtúil ar fáil maidir le gach ceann den 14 téama agus fothéama, is féidir leis an scoil marc cáilíochtúil foriomlán i ndáil leis an uilechuimsitheacht a ríomh. Tugtar sampla den bhealach ina bhféadfaí sin a dhéanamh i bhFíor 2 thíos.

Fíor 2: **Eiseamláir maidir le Meastóireacht ar Mharc Cáilíochtúil Foriomlán i ndáil leis an Uilechuimsitheacht**

| | |
|---|---|
| **Níor tosaíodh go fóill** | Gan téama |
| **Tús á chur leis** | Téama 7: Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair<br>Téama 10: Cúnamh Taca agus Aitheantas don Fhoghlaim (a) Measúnacht Fhoirmeálta agus Neamhfhoirmeálta |
| **Roinnt dul chun cinn déanta** | Téama 2: Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile<br>Téama 3: Timpeallacht na Scoile Uile<br>Téama 4: Cumarsáid<br>Téama 6: Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht<br>Téama 8: Straitéisí Teagaisc agus Foghlama (a) An Taithí Foghlama agus (b) An Taithí Teagaisc |
| **Dul chun cinn maith déanta** | Téama 1: Ceannaireacht agus Bainistíocht<br>Téama 9: Bainistíocht ar an Seomra Ranga (a) Prótacail agus Rialacha an tSeomra Ranga agus (b) Cur i bhFeidhm an Churaclaim<br>Téama 10: Cúnamh Taca agus Aitheantas don Fhoghlaim (b) Measúnacht Sheachtrach agus Teastais (daltaí in aois iarbhunscolaíochta) |
| **Gnás maith oibre ar bun** | Téama 5: Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne (a) Lánfhorbairt an Dalta agus (b) Lánfhorbairt an Lucht Foirne |

**Agus i bhfoirm grafaice:**

| An Gnóthúchán | Mar a baineadh amach i ngach réimse | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5a | 5b | 6 | 7 | 8a | 8b | 9a | 9b | 10a | 10b |
| **Níor tosaíodh go fóill** | | | | | | | | | | | | | | |
| **Tús á chur leis** | | | | | | | | ✔ | | | | | ✔ | |
| **Roinnt dul chun cinn déanta** | | ✔ | ✔ | ✔ | | | ✔ | | ✔ | ✔ | | | | |
| **Dul chun cinn maith déanta** | ✔ | | | | | | | | | | ✔ | ✔ | | ✔ |
| **Gnás maith oibre ar bun** | | | | | ✔ | ✔ | | | | | | | | |

## 4.3 Céim 3: Pleanáil na Beartaíochta

Tar éis céim 2 thuas a thabhairt chun críche, leanann scoileanna ar aghaidh go gcuirtear pleananna gníomhaíochta i dtoll a chéile chun díriú ar na bearta príomhthábhachta a sonraíodh maidir le feabhas ina leith.

D'fhéadfadh an scoil díriú gan mhoill ar na réimsí sin a meastar ríthábhacht leo chun tosaigh ar réimsí eile agus/nó ar na réimsí sin a bhfuiltear i dtús na forbartha ina leith ("níor tosaíodh go fóill", "tús á chur leis"). D'fhéadfadh go dtabharfaí faoi deara leis an mbreithniú freisin go bhfuil bearta áirithe is féidir a chur i bhfeidhm gan gá le haon phleanáil den suntas. D'fhéadfadh go socródh scoil tús áite a thabhairt do théama faoi leith maidir le breis gníomhartha nó forbartha, ainneoin dul chun cinn maith a bheith déanta ina leith, mar gheall gurb é tuairim na scoile go bhfuil rithábhacht leis. Ba cheart, ar an ní deireanach, sceideal socraithe a aontú maidir le hathbhreithniú ar an dul chun cinn. Is intuigthe go bhféadfadh téarma fada a bheith i gceist le bearta áirithe a chur i bhfeidhm agus nach dtiocfadh siad taobh istigh de ré an chúrsa trí bliana agus ba cheart aird a thabhairt air sin agus na pleananna gníomhartha á leagan amach.


Seo a leanas roinnt ceisteanna ba cheart do mheithle a chur san áireamh agus pleananna gníomhartha a gcur i dtoll a chéile:

1. Cé na bearta atá leagtha amach againn a dhéanamh d'fhonn déileáil leis na réimsí príomhthábhachta a sonraíodh?
2. Cé na straitéisí ba chóir dúinn a leagan amach maidir le gnáis oibre a thabhairt chun cinn i ndáil leis an téama seo ar mó den uilechuimsitheacht ag baint leo?
3. Cad iad na hacmhainní sonracha a bheidh de dhíth chun na bearta atá leagtha amach againn a chur i bhfeidhm?
4. Cé na daoine a mbeidh páirt acu sa phleanáil, sa chur i bhfeidhm agus sa mhonatóireacht i ndáil lena mbeartaítear?
5. Cén duine ar a leagfar an príomhchúram ina leith?
6. Cé na tráthchláir a leagfar síos i ndáil leis na bearta a chur i bhfeidhm?
7. Cé na socruithe a dhéanfar maidir le monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanaimid agus leis an toradh ar ár gcuid beartaíochta a mheas?
8. Cén t-aiseolas, plé nó deiseanna don fhorbairt ghairmiúil a leagfar síos am lena aghaidh d'fhonn an uilechuimsitheacht i ndáil leis an réimse seo a chur chun cinn?
9. An bhfuil cúnamh taca de chineálacha eile a d'fhéadfaimís a chur ar fáil maidir leis an réimse seo a thabhairt chun cinn?
10. Cé na hacmhainní, cineálacha cur chuige nó cúrsaí oiliúna atá de dhíth chun constaicí a sonraíodh a bheith roimh an uilechuimsitheacht i ndáil leis an téama seo a shárú?

Ag an tráth seo, d'fhéadfadh go mbeadh tuiscint ghéar ag scoileanna ar riachtanas na foirne maidir le forbairt ghairmiúil i ndáil leis an oideachas speisialta agus d'fhéadfadh go dtabharfaí orthu an lucht saineolais atá ar fáil a aimsiú agus a úsáid chun cuidiú leis sin. Is féidir freisin treoir agus cúnamh taca a iarraidh ar an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) nó ar the an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST), nó oiliúint saineolais creidiúnaithe do mhúinteoirí a lorg ó na coláistí oideachais nó ó na hollscoileanna.

Tugtar sampla mar léiriú ar chuid an Phlean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin den teimpléad i bhFíor 3 thíos.

Fíor 3: **Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin (níl de réir scála)**



Téama 1 **Ceannaireacht agus Bainistíocht – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin**

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh** | **Acmhainní** | | |
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |
| **TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh** | **Acmhainní** | | |
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |
| **TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh** | **Acmhainní** | | |
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

Tugtar sampla de Theimpléad Féinmhachnaimh atá líonta isteach maidir le Téama 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht in Aguisín 1.

## 4.4 Céim 4: Cur i bhFeidhm

Ní mór dúthracht agus díograis na ndaoine atá páirteach ann chun aon athrú a tharlaíonn a choinneáil ar bun le himeacht aimsire. Bíonn an chuid seo den fhorbairt bunaithe ar thorthaí na gcodanna roimhe seo agus is é a bhaineann leis:

- bearta ar aontaíodh mar gheall orthu a chur ar bun
- an móiminteam faoin athrú a choinneáil ar siúl
- cuntas a choinneáil ar an dul chun cinn.

## 4.5 Céim 5: Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm

Is é a bhaineann leis an gcéim seo athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na bearta ar aontaíodh ina leith a chur i bhfeidhm. Is féidir leis na scoileanna leas a bhaint as an gcuid den teimpléad a bhaineann le plean gníomhaíochta agus feabhsúcháin lena aghaidh seo. Is é atá i gceist:

- athbhreithniú ar an dul chun cinn a rinneadh
- plé ar na nithe ar éirigh go maith leo, aird ar na céimeanna ar éirigh go maith leo agus aon dul chun cinn sa bhreis ar na bearta a aontaíodh a thabhairt chun suntais agus tuairisc a choinneáil orthu
- aon fhorbairt bhreise is gá a dhéanamh a thabhairt chun suntais
- bíonn lón eolais ó chríochnú an tsraithchúrsa maidir le tús an tsraithchúrsa ina dhiaidh a mbíonn bearta fadtréimhseacha i gceist leis.

## 4.6 Céimeanna an tSraithchúrsa agus Tráthchlár Beartaithe

Cuirtear treoir ar fáil i bhFíor 4 thíos maidir leis na céimeanna éagsúla a thabhairt chun críche i rith sraithchúrsa trí bliana. D'fhéadfadh go dtabharfaí an sraithchúrsa chun críche i scoileanna áirithe i rith tréimhse níos giorra ná sin, mar shampla dhá bhliain. D'fhéadfadh go na dtarlódh bearta fadtréimhseacha le linn an tráthchláir a bheartaítear agus go mbainfidís le dhá shraithchúrsa den chreat, mar shampla, tionscnamh tógála d'fhonn áisiúlacht níos mó sa scoil. D'fhéadfadh gur nádúrtha a thiocfadh an dáta tosaigh maidir le bearta áirithe a chur i bhfeidhm le tús na scoilbhliana mar a leagtar amach i bhFíor 4 thíos. Nuair nach mar sin an cás, ba cheart na tráthchláir a chóiriú dá réir.

Fíor 4: **Tráthchlár a mholfaí maidir le tréimhse beartaíochta trí bliana**

| **Bliain 1: Trí cinn de théamaí le tabhairt chun críche** | |
|---|---|
| Céim | Tráth |
| 1. Ullmhúchán | Meán Fómhair – deireadh mí Deireadh Fómhair |
| 2. Teimpléid Féinmhachnaimh a líonadh isteach | Deireadh mí Deireadh Fómhair – deireadh mí Eanáir |
| 3. Pleanáil na beartaíochta | Deireadh mí Eanáir – lár mí Feabhra |
| 4. Cur i bhFeidhm | Lár mí Feabhra – lár mí Bealtaine |
| 5. Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm | Lár mí Bealtaine – deireadh mí Bealtaine |
| **Bliain 2: Ceithre cinn de théamaí le tabhairt chun críche** | |
| Céim | Tráth |
| 1. Ullmhúchán | Meán Fómhair |
| 2. Teimpléid Féinmhachnaimh a líonadh isteach | Deireadh Fómhair – deireadh mí na Nollag |
| 3. Pleanáil na beartaíochta | Eanáir |
| 4. Cur i bhFeidhm | Eanáir – lár mí Bealtaine |
| 5. Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm | Lár mí Bealtaine – deireadh mí Bealtaine |
| **Bliain 3: Trí cinn de théamaí le tabhairt chun críche** | |
| Céim | Tráth |
| 1. Ullmhúchán | Meán Fómhair |
| 2. Teimpléid Féinmhachnaimh a líonadh isteach | Deireadh Fómhair – deireadh mí na Samhna |
| 3. Pleanáil na beartaíochta | Mí na Nollag |
| 4. Cur i bhFeidhm | Eanáir – Aibreán |
| 5. Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm | Bealtaine (agus athbhreithniú foriomlán ar na trí bliana san áireamh) |

## 4.7 Conclúid

Táthar ag teacht ar thuiscint níos mó go hidirnáisiúnta ar an ngá atá le deiseanna a chur ar fáil do na scoileanna lenar féidir leibhéil na huilechuimsitheachta i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a thomhas. Tá an Index for Inclusion sa Ríocht Aontaithe ar cheann de na samplaí de dheiseanna a tugadh chun cinn mar gheall ar an riachtanas sin.

Is mar threoir do scoileanna na hÉireann maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a d'fhoilsigh an NCSE an Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach. D'éileodh an Creat go ndéanfadh scoileanna machnamh criticiúil ar mheon agus ar mhodhanna oibre na scoile i leith na huilechuimsitheachta, tús áite a thabhairt do réimsí áirithe maidir le feabhsúchán agus athrú a chur i bhfeidhm.

Déanann an NCSE talamh slán den dul chun cinn atá déanta ag scoileanna i ndáil leis an uilechuimsitheacht cheana féin. Tá i gceist go mbeadh an creat ina bhonn taca faoi obair na scoile ina leith sin agus ina chúis le feabhas breise. Tá an rath a bheadh ar an gcreat a úsáid ag brath ar dhúthracht na scoile féin i ndáil le tabhairt faoi chúrsa leanúnach athraitheach den fhéinmhachnamh, den mheastóireacht agus den athbhreithniú.

# Teimpléid Féinmhachnaimh 5




abcdef
2x2=4
XYZ
αβγ
ABC
1+1=2
a²+b²+c²

Cuirtear ar fáil sa chuid seo ceithre cinn déag de theimpléid féinmhachnaimh a bhfuil roinn amháin díobh a bhaineann le plean gníomhaíochta agus feabhsúcháin, ceann in aghaidh gach téama nó fothéama. Tá siad ar fáil chomh maith ar an CD atá ag gabháil leis seo ionas gur féidir cuntas a choinneáil ar bhealach leictreonach ar fhianaise taca. Déantar tagairt do Chuid 4.2 agus do Chuid 4.3 den cháipéis seo i ndáil le treoir faoin teimpléad líonadh isteach.

Tugtar, in Aguisín 1, sampla de theimpléad atá líonta isteach mar gheall ar théama 1: Ceannaireacht agus Bainistíocht ina luaitear fianaise a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Déantar tagairt chomh maith do na ceisteanna breise, de réir mar a leagtar amach i dTábla 2 i gCuid 4.2 agus anseo thíos in athuair, atá le freagairt agus fianaise taca á cur ar fáil; agus do na gearrchuntais i ndáil le gach téama i gCuid 3 atá ina n-eiseamláirí den dea-chleachta.

**Tábla 2: Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair? Ceisteanna breise**

| | |
|---|---|
| **Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair?** | Cé na polasaithe agus na gnáis oibre a bhaineann le hábhar an téama seo atá ar bun sa scoil faoi láthair chun an uilechuimsitheacht a chothú i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu? |
| | Cén chuid de na polasaithe agus de na gnáis sin a bhfuil ag éirí go maith leo? |
| | Cé na cinn nach bhfuil ag éirí go maith leo? |
| | An bhféadfadh eisiatacht a theacht i gceist le haon pholasaí nó gnás? |
| | Tugtar liosta den bheartaíocht taca atá ar fáil i ndáil leis an téama seo trína soirbhítear don uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. |
| | Tugtar liosta de na constaicí i ndáil leis an téama seo trína gcuirtear bac roimh an uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu |
| | Cé chomh maith agus a thagann an gnás oibre faoi láthair leis na critéir maidir leis an téama seo? |
| | Sonraítear bearnaí agus réimsí laige i ndáil leis an téama seo ar cheart dul i ngleic leo. |

Déantar tagairt chomh maith do na ceisteanna, mar a leagtar amach i gCuid 4.3 agus a luaitear arís thíos, atá le tabhairt san áireamh agus na codanna maidir leis an bplean gníomhaíochta agus feabhsúcháin á dtabhairt chun cinn.

1. Cé na bearta atá leagtha amach againn a dhéanamh d'fhonn déileáil leis na réimsí príomhthábhachta a sonraíodh?
2. Cé na straitéisí ba chóir dúinn a leagan amach maidir le gnáis oibre a thabhairt chun cinn i ndáil leis an téama seo ar mó den uilechuimsitheacht ag baint leo?
3. Cad iad na hacmhainní sonracha a bheidh de dhíth chun na bearta atá leagtha amach againn a chur i bhfeidhm?
4. Cé na daoine a mbeidh páirt acu sa phleanáil, sa chur i bhfeidhm agus sa mhonatóireacht i ndáil lena mbeartaítear?
5. Cén duine ar a leagfar an príomhchúram ina leith?
6. Cé na tráthchláir a leagfar síos i ndáil leis na bearta a chur i bhfeidhm?
7. Cé na socruithe a dhéanfar maidir le monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéanaimid agus leis an toradh ar ár gcuid beartaíochta a mheas?
8. Cén t-aiseolas, plé nó deiseanna don fhorbairt ghairmiúil a leagfar síos am lena aghaidh d'fhonn an uilechuimsitheacht i ndáil leis an réimse seo a chur chun cinn?
9. An bhfuil cúnamh taca de chineálacha eile a d'fhéadfaimís a chur ar fáil maidir leis an réimse seo a thabhairt chun cinn?
10. Cé na hacmhainní, cineálacha cur chuige nó cúrsaí oiliúna atá de dhíth chun constaicí a sonraíodh a bheith roimh an uilechuimsitheacht i ndáil leis an téama seo a shárú?

## Téama 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht – Féinmhachnamh

### Cur síos

**Bíonn tréithe na haislingeachta ag dul leis an gceannaireacht agus bíonn sí ina siocair spreagtha maidir leis an athrú go dtí múnlaí den dea-chleachtas i ndáil le hoideachas a chur ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bíonn rannpháirtíocht i gceist leis an gceannaireacht agus sin ar fud gach duine de phobal na scoile, ar a n-áirítear an bord bainistíochta, an príomhoide, lucht bainistíochta sa scoil féin agus meithle maidir le riachtanais speisialta, lucht foirne cúnta, tuismitheoirí nó caomhnóirí agus daltaí. Tarlaíonn an cheannaireacht trí mhodhanna foirmeálta agus modhanna neamhfhoirmeálta. Bíonn ról cinniúnach ag an bpríomhoide ina leith agus sin faoi anáil an chomhairliúcháin agus na comharoibre.**

### Critéir

1. Tuigtear don cheannaire an ról atá ag an scoil maidir le freastal ar an bpobal agus bítear dúthrachtach i ndáil le ceart na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu dul faoi oideachas uilechuimsitheach.
2. Cuireann an ceannaire comhairle, eadrán agus réiteach trí mhodhanna an chomhair ar fhadhbanna ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá gcuid múinteoirí.
3. Bíonn aird ag an gceannaire ar chúrsaí príobháideachais an tráth céanna a dtugtar san áireamh treoirlínte aitheanta maidir le cosaint leanaí agus an dualgas cúraim i leith gach duine de na daltaí agus den fhoireann.
4. Cinntíonn an ceannaire go ndéantar acmhainní na scoile a chur chun leasa ar bhealach atá cothrom tairbheach d'fhonn díriú ar riachtanais agus torthaí foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
5. Bíonn tuiscint ag an gceannaire ar scileanna proifisiúnta na múinteoirí, agus cuirtear chun leasa iad d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bheith astu ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus téitear i gcomhar le réimse daoine gairmiúla eile maidir le lón comhairle agus réiteach fadhbanna de réir mar is gá.
6. Déanann an ceannaire monatóireacht ar an tionchar agus an toradh a bhíonn ar pholasaithe agus bearta i ndáil leis an oideachas speisialta agus féachtar le lón aiseolais a fháil ar faoina anáil a dhéanfaí an phleanáil sa scoil.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht? |
| --- |
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht? (ar lean) |
|---|
| |

**Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht?**

| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
|---|---|---|---|---|
| Níor tosaíodh go fóill | Tús á chur leis | Roinnt dul chun cinn déanta | Dul chun cinn maith déanta | Gnás maith oibre ar bun |

**Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht?**

*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta*

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 1 Ceannaireacht agus Bainistíocht – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Ceannaireacht agus Bainistíocht a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| **TOSAÍOCHT 1:** An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| **TOSAÍOCHT 2:** An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| **TOSAÍOCHT 3:** An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

## Nótaí

# Téama 2: **Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile – Féinmhachnamh**

## Cur síos

**Is próiseas leanúnach an phleanáil le haghaidh forbairt na scoile uile a ligeann don scoil cur le cúrsaí feabhais agus bainistíocht a dhéanamh i ndáil le hathruithe. Tugtar san áireamh aidhmeanna agus meon phobal na scoile, leagtar amach an aisling maidir le forbairt san am atá le theacht agus na bearta a dhéanfar chun an aisling sin a thabhairt i gcrích. Bíonn polasaithe, gnáis agus nós imeachta maidir le gach réimse de shaol na scoile i gceist leis an bpleanáil le haghaidh forbairt scoile. Bíonn bonnchloch ar fáil dá réir sin de phrionsabail uilechuimsitheachta ar féidir an dul chun cinn maidir leis an uilechuimsitheacht do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a mheas ina leith.**

## Critéir

1. Cuirtear dúthracht shoiléir i ndáil leis an uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in iúl i ráiteas misin agus aislinge na scoile atá mar bhonncloch maidir leis bpróiseas pleanála sa scoil.
2. Réitítear an bealach leis an bpleanáil straitéise don uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí dháileadh cothrom éifeachtúil ar acmhainní, ar chistí agus ar an lucht foirne.
3. Tugtar san áireamh go cúramach daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le polasaithe, gnáis oibre agus nósanna imeachta na scoile a chuirtear in iúl do phobal na scoile, tuismitheoirí agus caomhnóirí san áireamh, de réir mar is cuí.
4. Déanann meitheal de chuid na coile uile plé go rialta ar pholasaí na scoile agus ar shocruithe pleanála agus déantar an toradh a bhíonn orthu a mheas agus a bhreithniú go tráthrialta d'fhonn cinntiú go mbítear ag cloí le dea-ghnáis uilechuimsitheachta.
5. Déantar soláthar i bplean na scoile don fhorbairt ghairmiúil agus don oiliúint leanúnach ar gach duine den fhoireann a bhaineann leis an oideachas speisialta.
6. Déanann an scoil an fhorbairt ar acmhainn sóisialta agus mothúchán na ndaltaí agus ar iompar tairbheach a chothú go forbheartach. Déantar athshocrú réasúnach agus cothaítear scileanna chun déileáil le deacrachtaí i gcás daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhféadfadh deacracht a bheith acu maidir le cloí le cód iompair na scoile.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| **Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile?** |
|---|
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile? (ar lean) |
|---|
| |

**Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile?**

| ☐ Níor tosaíodh go fóill | ☐ Tús á chur leis | ☐ Roinnt dul chun cinn déanta | ☐ Dul chun cinn maith déanta | ☐ Gnás maith oibre ar bun |
|---|---|---|---|---|

**Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile?**
*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta*

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 2 Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Pleanáil le haghaidh Forbairt na Scoile Uile a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| **TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh** | | | **Acmhainní** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| **TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh** | | | **Acmhainní** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| **TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh** | | | **Acmhainní** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| Nótaí |
| --- |
| |

## Téama 3: **Timpeallacht na Scoile Uile – Féinmhachnamh**

### Cur síos

**Déantar athshocruithe réasúnacha ionas gur féidir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur ar an rolla agus páirt a ghlacadh sa scolaíocht. Soirbhíonn córais iompair, foirgnimh, ábhair, trealamh, áiseanna agus straitéisí den áisiúlacht do thimpeallacht fháiltiúil agus uilechuimsitheach. Déantar cúrsaí áisiúlachta agus sláinte agus sábháilteachta a thabhairt san áireamh d'aon ghnó sa phleanáil agus sa soláthar maidir le foirgníocht agus trealamh nua, sa phleanáil ar obair chothabhála agus i ndéanamh na hoibre sin. Scaiptear eolas faoi shaoráidí inrochtaineachta agus faoi bhearta srianta ar phobal na scoile.**

### Critéir

1. Bíonn na prionsabail maidir le dearadh do chách, moltaí maidir leis an dea-chleachtas agus reachtaíocht na linne mar lón eolais maidir le cúrsaí inrochtaineachta agus tá cúram ina leith ar gach duine sa scoil.
2. Déantar inrochtaineacht thimpeallacht na scoile do chách a choinneáil d'aon ghnó agus déantar iniúchadh ina leith. Cuirtear plean gníomhaíochta le chéile d'fhonn cinntiú go nglantar bacanna as an mbealach agus go gcuirtear an dea-chleachtas i bhfeidhm.
3. Cuirtear acmhainní, trealamh agus straitéisí inrochtaineachta ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh in imeachtaí na scoile.
4. Déantar soláthar maidir le himeachtaí na scoile do pháirt dáiríre iontu ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
5. Déantar druileanna sábháilteachta agus dóiteáin a leagan amach agus a sceidealú d'fhonn freastal do chásanna faoi leith dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
6. Bíonn cúrsaí dínite agus sábháilteachta ar intinn ag daoine agus cúnamh á thabhairt. Cuirtear oiliúint ar an lucht foirne maidir le húsáid a bhaint as trealamh agus straitéisí sainiúla.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| **Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Timpeallacht na Scoile Uile?** |
| --- |
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Timpeallacht na Scoile Uile? (ar lean) |
|---|
| |

| Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Timpeallacht na Scoile Uile? | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ☐ Níor tosaíodh go fóill | ☐ Tús á chur leis | ☐ Roinnt dul chun cinn déanta | ☐ Dul chun cinn maith déanta | ☐ Gnás maith oibre ar bun |

| Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Timpeallacht na Scoile Uile?<br>*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta* | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 3 Timpeallacht na Scoile Uile – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Timpeallacht na Scoile Uile a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

**Nótaí**

# Téama 4: **Cumarsáid – Féinmhachnamh**

### Cur síos

**Bíonn an chumarsáid bunaithe ar mheas ar a chéile idir lucht foirne, daltaí, tuismitheoirí agus daoine eile i bpobal na scoile. Tarlaíonn an chumarsáid idir daoine de phobal na scoile ar mhodhanna éagsúla, ina measc, modhanna briathartha agus neamhbhriathartha, modhanna scríofa agus amhairc, de réir mar is cuí. Bíonn an lucht bainistíochta agus an lucht foirne eolasach ar an tábhacht atá le cumarsáid neamhbhriathartha agus gothaí na colainne agus ar an tionchar tréan a imríonn sin ar chineál an chaidrimh idirphearsanta agus ar an uilechuimsitheacht ar fud na scoile. Tugtar cás na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san áireamh le modhanna cumarsáide atá comhalartach oscailte.**

### Critéir

1. Déantar an chumarsáid i measc phobal na scoile ar mhodhanna, le focail agus i bhformáid(í) a oireann do chás na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dá gcuid tuismitheoirí nó caomhnóirí. Luaitear go sonrach an cuspóir atá leis an gcumarsáid agus leagtar amach aon bheart a éilítear a dhéanamh ina leith.
2. Tá modhanna oibre i bhfeidhm ag an scoil i ndáil le heolas a scaipeadh ar dhaoine den fhoireann lena mbainfeadh, nuair is cuí sin agus ar bhealach tuisceanach, maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
3. Luaitear, más gá, cúrsaí príobháideachais, aontaítear ina leith agus cloítear leis an socrú ach treoirlínte aitheanta maidir le cosaint leanaí agus an dualgas cúraim i leith gach duine de na daltaí agus den fhoireann a thabhairt san áireamh an tráth céanna.
4. Aontaítear ar ionad agus tráth don chumarsáid agus do chruinnithe agus cloítear leo, agus bíonn a fhios ag tuismitheoirí nó caomhnóirí go háirithe cathain agus conas caidreamh a dhéanamh leis an scoil.
5. Léirítear meas ar pháirt an uile dhuine ag cruinnithe agus déantar éascaíocht lena aghaidh.
6. Sa chás go dtarlaíonn aigheas nó easaontas, cuirtear acmhainní ar fáil chun réiteach cuí agus straitéisí eadrána a thabhairt i bhfeidhm.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Cumarsáid? |
|---|
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Cumarsáid? (ar lean) |
|---|
| |

| Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Cumarsáid? | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ☐ Níor tosaíodh go fóill | ☐ Tús á chur leis | ☐ Roinnt dul chun cinn déanta | ☐ Dul chun cinn maith déanta | ☐ Gnás maith oibre ar bun |

| Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Cumarsáid?<br>*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta* | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 4: Cumarsáid – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Cumarsáid a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| Nótaí |
| --- |
| |

# Téama 5: **Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne. Fothéama 5(a): Lánfhorbairt an Dalta – Féinmhachnamh**

## Cur síos

**Is gné bhunúsach de shaol na scoile dea-bhail na ndaltaí agus sábháilteacht mhothúchánach agus fhisiciúil na ndaltaí a chur chun cinn. Cuirtear chun cinn, trí mhonatóireacht leanúnach ar chúrsaí tinrimh, ar rannpháirtíocht, dea-bhail agus ghnóthúchán an dalta, lánfhorbairt a dhéanamh ar an damhna atá i ngach dalta faoi leith trí spriocanna pearsanta maidir le cúrsaí acadúlachta agus cúrsaí sóisialta. Tá aird ar an iléagsúlacht buntábhachtach maidir le cultúr den uilechuimsitheacht a chruthú taobh istigh den scoil agus cuirtear chun cinn leis freisin deis chothrom ar oideachas agus rannpháirtíocht ann ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.**

## Critéir

1. Tá an scoil dírithe ar an dalta agus cothaítear forbairt ar scileanna, ar eolas agus ar mhisneach na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, deimhnítear an réimse cumais atá iontu agus déantar bearta de réir a gcuid riachtanas éagsúil maidir le cúrsaí acadúlachta agus cúrsaí pearsanta.
2. Déantar cuid dhlúth de ghnáis oibre agus d'obair uile na scoile de chearta na ndaltaí foghlaim a dhéanamh. Cuirtear bonn treise faoi sin le curaclam den uilechuimsitheacht agus le baill foirne oiriúnacha agus bearta idirghabhála oiriúnacha.
3. Bíonn aird ag an scoil ar ghuth an dalta, cuirtear chun cinn cumas an dalta cur ar a shon féin agus spreagtar na daltaí chun taithí pearsanta agus saintuiscintí pearsanta a chur in iúl.
4. Déantar cuid dhílis de gach gné den fhoghlaim, den chumarsáid agus den iompar ag daltaí agus ag lucht na foirne den aird ar iléagsúlacht d'fhonn tuiscint a chothú agus an bealach a réiteach do bhacanna a bheadh roimh an uilechuimsitheacht a thabhairt ar neamhní.
5. Coinnítear caidreamh rialta ar bun leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí maidir le dul chun cinn an dalta i gcúrsaí acadúlachta agus i gcúrsaí pearsanta.
6. Cuirtear dea-bhail an dalta chun cinn ar bhonn aonair agus déantar talamh slán de trí chóras éifeachtúil den chúram tréada a mbaineann rólanna saincheaptha soiléire leis.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Dalta? |
|---|
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Dalta? (ar lean) |
|---|
| |

**Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Dalta?**

| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
|---|---|---|---|---|
| Níor tosaíodh go fóill | Tús á chur leis | Roinnt dul chun cinn déanta | Dul chun cinn maith déanta | Gnás maith oibre ar bun |

**Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Dalta?**
*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta*

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 5: Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne. Fothéama 5(a): Lánfhorbairt an Dalta – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Dalta a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| Nótaí |
|---|
| |

# Téama 5: Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne. Fothéama: 5(b) Lánfhorbairt an Lucht Foirne – Féinmhachnamh

## Cur síos

**Leagtar béim ar dhea-bhail lucht na foirne chomh maith leis na daltaí agus seo freisin bunaithe ar dhearcadh i leith a gcuid ceart. Déantar talamh slán de leas gach duine d'fhoireann na scoile agus spreagtar lucht na foirne chun cúnamh taca a thabhairt dá gcuid comhghleacaithe. Cuidíonn cumarsáid oscailte agus aird lán eolais le deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a thabhairt faoi deara níos luaithe agus le réiteach aontaithe an chomhair ar fhadhbanna. Fágann teacht ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus ar chúnamh taca ón lucht bainistíochta agus ó chomhghleacaithe eolas agus saineolas ag an lucht foirne maidir leis an oideachas ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.**

## Critéir

1. Déantar cuid shlán de pholasaithe agus de ghnáis oibre na scoile de chearta an lucht foirne maidir le dea-bhail ginearálta, meas, sábháilteacht phearsanta agus sásamh gairmiúil.
2. Spreagtar an lucht foirne chun cuspóirí maidir le forbairt phearsanta agus forbairt ghairmiúil a bhaint amach agus tugtar deis dóibh ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá oiriúnach maidir leis an oideachas speisialta.
3. Tugann an scoil cúnamh taca do dhaoine den fhoireann atá i ngéarchás struis a eascraíonn óna gcuid oibre.
4. Glacann an lucht foirne leis an bhfreagracht atá orthu cúnamh taca a thabhairt dá gcuid comhghleacaithe. Tá córas ionduchtúcháin agus meantóireachta i bhfeidhm.
5. Bíonn an scoil forbheartach maidir le cúnamh taca a thabhairt do dhaoine den lucht foirne le linn cruachás pearsanta, breoiteacht agus míchumas, san áireamh.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Lucht Foirne? |
| --- |
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Lucht Foirne? (ar lean) |
|---|
| |

| Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Lucht Foirne? | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ☐ Níor tosaíodh go fóill | ☐ Tús á chur leis | ☐ Roinnt dul chun cinn déanta | ☐ Dul chun cinn maith déanta | ☐ Gnás maith oibre ar bun |

| Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Lucht Foirne? *Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta* | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 5: Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne. Fothéama: 5(b) Lánfhorbairt an Lucht Foirne – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Dea-bhail na nDaltaí agus na Foirne: Lánfhorbairt an Lucht Foirne a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | Acmhainní | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh? | Dáta tosaigh | Dáta críochnaithe | Dáta an athbhreithniúcháin |
| | | | |
| Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm | | | |
| | | | |

| Nótaí |
| --- |
| |

# Téama 6: **Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht – Féinmhachnamh**

## Cur síos

**Tugann lucht bainistíochta agus lucht foirne na scoile faoi phleanáil churaclaim mar bhunghné lárnach maidir le teagasc agus foghlaim den uilechuimsitheacht. Bíonn d'aidhm leis an bpleanáil churaclaim maidir leis an uilechuimsitheacht go dtarlódh foghlaim lena mbaineann ábhar difreáilte (an lón teagaisc), próisis dhifreáilte (modhanna, ábhair agus gníomhartha a úsáidtear) nó torthaí difreáilte (na modhanna ina léiríonn na daltaí a bhfuil foghlamtha acu). Leagtar amach an bheartaíocht sin chun réimse leathan eachtraí foghlama a chruthú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ionas go dtagann siad in inmhe chomh mór agus a bheadh iontu.**

## Critéir

1. Déantar le pleanáil churaclaim na deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim taobh istigh de phobal foghlaimeoirí agus aitheantas á thabhairt do chumas, stíl foghlama, riachtanais agus roghanna an duine aonair.
2. Bíonn difreáil maidir le hábhar an churaclaim, próisis agus torthaí i gceist le pleanáil churaclaim.
3. Déantar, le pleanáil churaclaim, spéis an dalta a chothú oiread agus is féidir agus an tráth céanna bítear dílis don ábhar atá á fhoghlaim agus déantar soláthar do churaclam leathanréimseach, fiúntach a bheith ar fáil atá oiriúnach don aois.
4. Cuirtear le rannpháirtíocht an dalta, féinmheas an dalta, tuiscint an dalta ar an gcumas foghlama agus torthaí na foghlama tríd an bpleanáil churaclaim ar mhaithe leis an uilechuimsitheacht.
5. Bíonn súil ag múinteoirí le cuid mhaith ó gach dalta sa rang agus cuirtear sin in iúl agus bíonn tuiscint acu ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag buanrangú i gcás dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht? |
|---|
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht? (ar lean) |
|---|
| |

| Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht? | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ☐ Níor tosaíodh go fóill | ☐ Tús á chur leis | ☐ Roinnt dul chun cinn déanta | ☐ Dul chun cinn maith déanta | ☐ Gnás maith oibre ar bun |

| Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht?<br>*Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta* | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 6: Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Pleanáil Churaclaim don Uilechuimsitheacht a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

## Nótaí

# Téama 7: **Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair – Féinmhachnamh**

## Cur síos

**Is cuid bhunriachtanach de pholasaí maidir le huilechuimsitheacht ar fud na scoile uile atá sa phleanáil i ndáil le riachtanais an duine aonair. Tagann an phleanáil ar bhonn aonair sa bhreis ar an bpleanáil a bhaineann leis na daltaí ar fad. Leagtar amach an chaoi ina dtarlóidh an teagasc agus an fhoghlaim taobh istigh de churaclam difreáilte. I gcomhthéacs cúnamh taca a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, d'fhéadfadh go mbeadh gá maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le pleanáil oideachais ar bhonn aonair, agus d'fhéadfadh sin tarlú i bhfoirmeacha éagsúla idir athruithe beag go leor nó cúrsaí mionsonraithe ar bhonn aonair. D'fhéadfadh go mbeadh difreáil de dhíth chun freastal do riachtanais dhaltaí aonair, chomh maith le réimse modhanna éagsúla múinteoireachta, acmhainní agus cúnamh taca de réir mar a oireann.**

## Critéir

1. Leagtar amach i bpolasaithe agus gnáis oibre don scoil uile na bealaí ina ndéantar freastal do riachtanais na ndaltaí ar fud réimsí an churaclaim agus réimsí sóisialta, ag pointí aistrithe, agus déantar tagairt go sonrach don uilechuimsitheacht maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
2. Leagtar amach sa phleanáil oideachais ar bhonn aonair na buanna, na riachtanais, na cuspóirí agus na spriocanna foghlama atá ag an dalta. Breactar tuairisc ar na straitéisí teagaisc agus foghlama a úsáidfear agus leagtar amach an ról a bheidh ag múinteoirí an ghnáthchórais agus ag múinteoirí breise, ag an bhfoireann taca agus ag na tuismitheoirí san oideachas ar an dalta.
3. Glacann gach múinteoir leis an gcúram pleanáil dhifreáilte a dhéanamh ar cheachtanna agus ar obair bhaile i bhfianaise riachtanais foghlama na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
4. Déanann na múinteoirí ranga, na múinteoirí taca agus na múinteoirí acmhainne spriocanna sonracha atá intomhaiste agus réadúil a leagan amach i gcomhar le daoine eile d'fhoireann na scoile a mbaineann an t-ábhar leo, leis na daltaí, na tuismitheoirí nó na caomhnóirí agus, nuair is cuí, le lucht gairme oideachais ón taobh amuigh.
5. Déantar athbhreithniú go rialta ar na cuspóirí foghlama agus leagtar amach spriocanna nua de réir mar is cuí. Tugtar socruithe aistrithe san áireamh leis an bpróiseas athbhreithnithe.
6. Déantar éascaíocht do pháirt na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí sa phleanáil oideachais ar bhonn aonair agus bíonn glacadh iomlán leis.

Líontar isteach na codanna thíos, agus freagraí tuairisciúla á dtabhairt lena ngabhann **samplaí agus fianaise a chuireann bonn faoin bhfreagra**. Breathnaítear na ceisteanna breise a luaitear i dTábla 2 i gCuid 4.2 thuas maidir le breis treorach.

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair? |
|---|
| |

| Cén riocht ina bhfuiltear faoi láthair i ndáil le Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair? (ar lean) |
|---|
| |

**Cad a mheasaimid go ginearálta den dul chun cinn atá déanta againn i ndáil le Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair?**

- [ ] Níor tosaíodh go fóill
- [ ] Tús á chur leis
- [ ] Roinnt dul chun cinn déanta
- [ ] Dul chun cinn maith déanta
- [ ] Gnás maith oibre ar bun

| Cé na bearta a dtugaimid tús áite dóibh i ndáil le Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair? *Tugtar liosta de na trí bheart tús áite de réir ord tábhachta* | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

# Téama 7: Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair – An Chuid maidir le Plean Gníomhaíochta agus Feabhsúcháin

**Cad é an plean gníomhaíochta maidir leis na 3 bheart tús áite i ndáil le Pleanáil Oideachais ar Bhonn Aonair a luaitear ar an liosta sa Teimpléad Féinmhachnaimh?**

| TOSAÍOCHT 1: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 2: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| TOSAÍOCHT 3: An beart atá le déanamh | | | Acmhainní |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **An té atá freagrach as an mbeartaíocht a stiúradh?** | **Dáta tosaigh** | **Dáta críochnaithe** | **Dáta an athbhreithniúcháin** |
| | | | |
| **Athbhreithniú ar an gCur i bhFeidhm** | | | |
| | | | |

| Nótaí |
| --- |
| |

# Téama 8: **Straitéisí Teagaisc agus Foghlama. Fothéama 8(a): An Taithí Foghlama – Féinmhachnamh**

## Cur síos

**Foghlaimíonn gach dalta faoi leith ar bhealach éagsúil agus bíonn riachtanais faoi leith aige. Cuirtear le taithí foghlam an dalta trí dhúthracht i ndáil leis an uilechuimsitheacht trí dhifreáil, trí chaidreamh tairbheach sa seomra ranga agus trí pháirt an teaghlaigh sa chúram. Cuireann taithí tairbheach foghlama leis na scileanna acadúla agus na scileanna sóisialta agus le rátaí tinrimh agus coinneála níos airde.**

## Critéir

1. Glactar leis mar chuid de chultúr na scoile nach siocaithe atá leibhéal inniúlachta na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus gur féidir iad a thabhairt chun cinn agus a fheabhsú ach an taithí foghlama oiriúnach a bheith i gceist.
2. Glacann an scoil leis go bhfuil de cheart ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu foghlaim a dhéanamh agus aithnítear go fonnmhar a gcuid iarrachtaí agus a n-éiríonn leo a bhaint amach.
3. Cuirtear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbun tascanna a bhfuil ciall leo ó thaobh an oideachais agus an dúshlán cuí ag baint leo. Cothaítear an spéis trí fhoghlaim neamhspleách agus trí fhoghlaim an chomhair sa seomra ranga agus i mbeartaíocht chomhchuraclaim araon.
4. Bíonn an fhoghlaim dírithe ar an toradh sásúil agus cuirtear ar chumas an dalta déileáil le cás dul ar gcúl ó thaobh oideachais agus scileanna a thabhairt chun cinn chun déileáil go sásúil le deacrachtaí. Glactar leis an gcliseadh agus le botúin, aithnítear iad agus spreagtar an fhoghlaim dá mbarr.
